



2010

Comhairle Contae Dhún na nGall
Tuarascáil Bhliantúil



Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

Clár na nÁbhar

Réamhrá	2
Léarscáil an Toghcheantair 2010	3
Comhaltaí Tofa	4
Tithíocht	7
Bóithre agus Iompar	12
Uisce agus Comhshaol	17
Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach	26
Cultúr agus Fiontraíocht Pobail	33
Seirbhísí Corparáide	43
Airgeadas	49
Gradaim Chathrach	52
Coistí	53
Táscairí Seirbhísí 2010	63



Réamhrá

Tá lúcháir orainn Tuarascáil Bhliantúil 2010 a chur i láthair, a léiríonn gníomhaíochtaí leitheadacha agus éagsúla Chomhairle Contae Dhún na nGall thar iomlán na seirbhísí ar feadh na bliana. In 2010, lean comhaltaí tofa agus foireann Chomhairle Contae Dhún nanGallag feabhsú caighdeánsaoildaoine agus pobal sa chontae. Cur chuige réamhghníomhach a chleachtann Comhairle Contae Dhún na nGalli soláthar seirbhísí, ag síorfhorbairt seirbhísí a chruthú agus a neartú le freastal ar riachtanais, láithreach agus ag teacht, na ndaoine a chónaíonn agus a oibríonn i nDún na nGall, nó a thugann cuairt orainn.

Fíor-dhrochghheimhreadha bhí againn in 2010 a raibh tionchar suntasach aige thar chuid maith de rannóga na Comhairle. Bhí beartaithe ag an Roinn Iompair agus ag an ÚBN soláthar salainn do na bóithre a bhainistiú ach bhí de chiall ag CCDG stoc breise a fháil i bhfianaise na drochaimsire a fhaigheann agus a gheobhadh Dún na nGall. Is iomaí dús slán a bhí le sárú ag an Rannóg Uisce agus Comhshaoil le soláthar uisce a chinntiú i roinnt áiteanna le linn na doinne. Bhí an fhoireann ar scairt, ó dhubh go dubh ar mhórán ócáidí, faoi dhroch-choinníollacha le freastal ar sceití agus phléasccháí.

Rinneadh mór dhul chun cinn ar Chlár Infheistíochta Caipitiúlana Seirbhísí Uisce, lena n-áirítear an Conradh Méadráithe chaomhnaithe uisce ar fud an chontae atá bainteach leis an Chlár Caomhnaithe Uisce.

I lár mhí Bealtaine, bhí Comhairle Contae Dhún na nGall páirteach i Mór-Chleachtadh Éigeandála beo leitheadach ar tugadh 'Ceachtadh Iolair' air, le hÁisíneachtaí Priomh-Fhreagartha eile lena n-áirítear an Garda Síochána agus FSS agus breis agus 200 duine.

Níos luaithe sa bhliain bhí lúcháir orainn fáiltiú roimh achtú Acht nua Pleanála agus Forbartha Náisiúnta 2010, a thugann isteach athruithe suntasacha a mbeadh fáilte rompu thargachachar Pleanála. Is é a phríomhaidhm tacú le hathnuachan eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

In 2010 chonaicmuid forbairt Chéim 2 de Phlean Gníomhaíochta Dhún na nGall PEACE !!! a fuair 4.5 milliún euro don chontae sna trí bliana romhainn, agus táthar ag leanstan den obair mhór in achar na Síochána agus an Athmhuintearais. In Deireadh Fómhair 2010, bunaíodh go foirmiúil Bord Páirtíochta an Iar-Thuaiscirt (PBIT) trasteorann idir Bord Forbartha Contae Dhún na nGall agus Bord Straitéise Dhoireatá le bheith ina chóras le cur chuige comhordaithe d'fhorbairt Gheata Leitir Ceanainn/Dhoire a chur chun cinn agus a éascú.


Agus 2010 ag tarraingt chun deiridh, chonaic na Seirbhísí Cultúrtha an Leabharlann agus an Dánlann nua i nGaoth Dobhair á chríochnú agus deireadh Thionscadal Ealaín Phoiblí Lovely Weather, tionscadal ard-uaillmhianach a scrúdaigh páirt ealaíontóirí sa Diospóireacht Fán Athrú Aeráide.

Agus muid ag breathnú siar thar an bhliain, argachrud a baineadhamach, ba mhaith linn ár mbuíochas as a mórshaothar agus a dtiomantas a chur in iúl d'fhoireann Chomhairle Contae Dhún na nGall agus breathnú romhainn i dtreo tuilleadh den fhás agus den fhorbairt inbhuanaithe i nDún na nGall.

Séamus Mac an Fhile: Bainisteoir Contae, Comhairle Contae Dhún na nGall

An Clr. Breandán Ó Broin: Cathaoirleach, Comhairle Contae Dhún na nGall

Léarscáil Toghchánach 2010



Comhaltaí Tofa

Council Members 2009-2010

Mayor

Cllr. Brendan Byrne (June 09- June 10)

Deputy Mayor

Cllr. Charlie Mc Conalogue (June 09 – June 10)

Donegal Electoral Area Committee (5)

- Cllr. John Boyle
- Cllr. Brendan Byrne
- Cllr. Sean McEniff
- Cllr. Barry O' Neill
- Cllr. Thomas Pringle

Glenties Electoral Area Committee (5)

- Cllr. David Alcorn
- Cllr. Pádraig Doherty
- Cllr. Marie T. Gallagher
- Cllr. Seamus O' Domhnaill
- Cllr. Terence Slowey

Inishowen Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Mickey Doherty
- Cllr. Rena Donaghey
- Cllr. Martin Farren
- Cllr. Clr. Pádraig Mac Lochlainn
- Cllr. Charlie Mc Conalogue
- Cllr. Bernard McGuinness
- Cllr. John Ryan

Letterkenny Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Liam Blaney
- Cllr. Ciaran Brogan
- Cllr. Jimmy Harte
- Cllr. Dessie Larkin
- Cllr. Noel Mc Bride
- Cllr. Ian Mc Garvey
- Cllr. Mick Quinn

Stranorlar Electoral Area Committee (5)

- Cllr. Gerry Crawford
- Cllr. Martin Harley
- Cllr. Cora Harvey
- Cllr. Frank Mc Brearty
- Cllr. Patrick McGowan

Council Members 2010-2011

Mayor

- Cllr Cora Harvey (June 10 – June 11)

Deputy Mayor

- Cllr. Clr Pádraig Mac Lochlainn (June 10 – February 11)
- Cllr Marie Therese Gallagher (March 11- June 11)

Donegal Electoral Area Committee (5)

- Cllr. John Boyle
- Cllr. Brendan Byrne
- Cllr. Sean McEniff
- Cllr. Barry O' Neill
- Cllr. John Campbell replaced Clr.Thomas Pringle (21/03/11)

Glenties Electoral Area Committee (5)

- Cllr. David Alcorn
- Cllr. Pádraig Doherty
- Cllr. Marie T. Gallagher
- Cllr. Seamus O' Domhnaill
- Cllr. Terence Slowey

Inishowen Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Mickey Doherty
- Cllr. Rena Donaghey
- Cllr. Martin Farren
- [Cllr.Jack Murray replaced Clr. Pádraig Mac Lochlainn \(21/03/11\)](#)
- [Cllr.Paul Canning replaced Clr. Charlie Mc Conalogue \(21/03/11\)](#)
- Cllr. Bernard McGuinness
- Cllr. John Ryan

Letterkenny Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Liam Blaney
- Cllr. Ciaran Brogan

- Cllr. Jimmy Harte
- Cllr. Dessie Larkin
- Cllr. Noel Mc Bride
- Cllr. Ian Mc Garvey
- Cllr. Mick Quinn

Stranorlar Electoral Area Committee (5)

- Cllr. Gerry Crawford
- Cllr. Martin Harley
- Cllr. Cora Harvey
- Cllr. Frank Mc Brearty
- Cllr. Patrick McGowan

Council Members 2011-2012

Mayor

- Cllr. N. Mc Bride (June 11 – June 12)

Deputy Mayor

- Cllr. Barry O' Neill (June 11 – June 12)

Donegal Electoral Area Committee (5)

- Cllr. John Boyle
- Cllr. Brendan Byrne
- Cllr. Sean McEniff
- Cllr. Barry O' Neill
- Cllr. John Campbell

Glenties Electoral Area Committee (5)

- Cllr. David Alcorn
- Cllr. Pádraig Doherty
- Cllr. Marie T. Gallagher
- Cllr. Seamus O' Domhnaill
- Cllr. Terence Slowey

Inishowen Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Mickey Doherty
- Cllr. Rena Donaghey
- Cllr. Martin Farren

- Cllr. Jack Murray
- Cllr. Paul Canning
- Cllr. Bernard McGuinness
- Cllr. John Ryan

Letterkenny Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Liam Blaney
- Cllr. Ciaran Brogan
- [Cllr. Michael Mc Bride replaced Clr. Jimmy Harte. \(30/05/11\)](#)
- Cllr. Dessie Larkin
- Cllr. Noel Mc Bride
- Cllr. Ian Mc Garvey
- Cllr. Mick Quinn

Stranorlar Electoral Area Committee (5)

- Cllr. Gerry Crawford
- Cllr. Martin Harley
- Cllr. Cora Harvey
- Cllr. Frank Mc Brearty
- Cllr. Patrick McGowan

Council Members 2012-2013

Mayor

- Cllr. Frank Mc Brearty (June 12 – June 13)

Deputy Mayor

- Cllr. Martin Farren (June 12 – June 13)

Donegal Electoral Area Committee (5)

- Cllr. John Boyle
- Cllr. Brendan Byrne
- Cllr. Sean McEniff
- Cllr. Barry O' Neill
- Cllr. John Campbell

Glenties Electoral Area Committee (5)

- Cllr. David Alcorn
- Cllr. Pádraig Doherty
- Cllr. Marie T. Gallagher
- Cllr. Seamus O' Domhnaill
- Cllr. Terence Slowey

Inishowen Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Mickey Doherty
- Cllr. Rena Donaghey
- Cllr. Martin Farren
- Cllr. Jack Murray
- Cllr. Paul Canning
- Cllr. Bernard McGuinness
- Cllr. John Ryan

Letterkenny Electoral Area Committee (7)

- Cllr. Liam Blaney
- Cllr. Ciaran Brogan
- Cllr. Michael Mc Bride
- Cllr. Dessie Larkin
- Cllr. Noel Mc Bride
- Cllr. Ian Mc Garvey
- Cllr. Mick Quinn

Stranorlar Electoral Area Committee (5)

- Cllr. Gerry Crawford
- Cllr. Martin Harley
- Cllr. Cora Harvey
- Cllr. Frank Mc Brearty
- Cllr. Patrick McGowan



Tithíocht



Riachtanas Tithíochta

Ag deireadh 2010 aithníodh go raibh 2,531 duine i gContae Dhún na nGall a raibh tithíocht shóisialta de dhíth orthu.

Leithdháiltí

Leithdháileadh 117 teaghais san iomlán i rith na bliana, idir theachíní tuaithe, tithe scéime agus ceannacháin aonair. Sa bhreis air sin, leithdháileadh 180 Folúntas Ócáideach i rith 2010.

An Scéim Um Chóiríocht Ar Cíos (SCC)

D'aistrigh 38 duine i gcóiríocht dheonach, agus 93 líon tí san earnáil phríobháideach ar cíos, go dtí an SCC in 2010, rud a chiallaigh gurb é 409 an líon carnach aistrithe atá curtha i ngníomh (Deonach - 215: Príobháideach ar Cíos - 194). Lena chois, tugadh athchóiríocht do 191 duine breise incháilithe, a bhí ag fáil fóirdheontas cíosa, faoin chlár traidisiúnta do thithíocht shóisialta, rud a chiallaigh gur tugadh cóiríocht do líon iomlán de 1,135 duine faoin cheanteideal seo ó tosaíodh an scéim.

Rinneadh an córas SCC a dhílárú fosta go dtí na Toghcheantair éagsúla i rith 2010, agus rinneadh é a chomhtháthú leis na príomhsheirbhísí tithíochta atá á seachadadh ó na hIonaid Seirbhísí Pobail.

An Clár Caipitil Um Thógáil Tithe 2010

Chríochnaigh an Chomhairle 38 aonad in 2010, cheannaigh 22 teach ón mhargadh athláimhe agus fuair teach indíghléasta amháin. Cuireadh 5 shíneadh ar tairiscint i rith 2010, agus críochnaíodh 4 cinn taobh istigh den bhliain (90% den chostas maoinithe faoi leithdháileadh caipitil) Sholáthair an Roinn leithdháileadh de €8,005,000 don bhliain.

Scéimeanna a críochnaíodh in 2010

Loch an Iúir, 12 Forbairt Lándéanta

Mín an Iolair, Doirí Beaga, 17 Forbairt Lándéanta

Síntí Tí a críochnaíodh, 4 Aonad

Tithe Tuaithe Aonair (SI) a críochnaíodh, 9 nAonad

Seo a leanas na hoibreacha deartha neamh-thithíochta a rinne an Rannóg um Dhearadh Tithíochta / Ailtreachta in 2010:

- Ionad Cuairteoirí Shliabh Liag, Carrchlós agus Ardán Amhairc a dhearadh
- Príomhshráid Leitir Ceanainn a uasghrádú
- Gailearaí & Ionad Traenála, Páirc Baile Charn Domhnach, Carn Domhnach.
- Síneadh leis an Teach Oighir ag Cé Ailt an Chorráin, leithreas poiblí & oifig na dticéad
- An Oifig Mótarchánach / Oifig um Airgead Tirim in Ionad Seirbhísí Pobail Leitir Ceanainn a athdhearadh
- Tacaíocht theicniúil do Chomhairle Baile Bhun Cranncha i dtaca le hoibreacha chun díon a athchur.
- Athbhreithniú ar chaighdeán theicniúla isa Phlean Forbartha Contae agus obair ar shamhail do Dhearadh Comharsanachta i Leitir Ceanainn.

Tithíocht Inacmhainne

Léasaigh an Chomhairle 20 aonad In-Acmhainne i gCarn Domhnach, Baile na nGallóglach, Ráth Mealtain, Leitir Ceanainn agus Mainéar Uí Chuinneagáin le comhlachtaí

deonacha (Tithíocht an Iarthuaiscirt (Éire) Teo.. agus Clann Shíomóin an Iarthuaiscirt). Leithdháil na comhlachtaí deonacha na haonaid ina dhiaidh sin do dhaoine a bhí ar an liosta feithimh tithíochta.

Tithíocht Dheonach

Mar gheall ar an chúil eacnamaíochta agus an titim san airgead atá ar fáil, tá muid ag cur chun cinn na scéimeanna deonacha, an Scéim um Chabhair Chaipitil ach go háirithe, trí chruinnithe idirghníomhaireachta leis an Fheidhmeannacht Seirbhísí Sláinte (FSS). Tá an Chomhairle ag díriú ar chásanna riachtanais speisialta nuair is léir nach bhfuil clár Tithíochta Sóisialta na Comhairle é féin, do chóiríocht thógáil dhíreach, ar léas / nó ar cíos - in ann freastal ar riachtanais na gcliant seo.

Soláthraíodh 3 aonad cóiríochta trí STEER Ireland i Leitir Ceanainn. In ainneoin an laghdú suntasach ar mhaoiniú, leanfaidh an Chomhairle de bheith ag déanamh tosaíochta de scéimeanna cuí arb aidhm leo freastal ar riachtanais speisialta chliant, agus iad a chur isteach chuig an Roinn.

Creatphlean Gníomhaíochta Do Dhaoine Gan Dídean I Réigiún An Iarthuaiscirt

Ghlac Comhairlí Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma le Creatphlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean i Réigiún an Iarthuaiscirt i mí Mheithimh 2010. Forbraíodh an plean i gcomhair le Feidhmeannacht na Seirbhíse

Sláinte agus tá 6 aidhm straitéiseacha ann mar seo a leanas:

- Le heaspa dídine a chosc
- Deireadh a chur leis an ghá a bhíonn ag daoine codladh amuigh
- Deireadh a chur le heaspa dídine fadtéarmach
- Le freastal ar riachtanais tithíochta san fhadtéarma
- Le seirbhísí éifeachtacha a chinntiú
- Le socruithe cistiúcháin a chomhordú

Oibríonn na hÚdaráis Áitiúla san Iarthuaisceart i gcomhpháirt leis an earnáil dheonach tithíochta agus comharthithíochta le cuid mhór seirbhísí cónaithe agus dídine a chur ar fáil.

Cothabháil

Ag deireadh 2010, bhí 2,829 teach ar cíos i 209 Eastát Tithíochta aonair. Soláthraíodh, sa bhreis air sin, 737 teach aonair mar theachíní ar leith / tuaithe nó i roinnt cásanna, tithe aonair a ceannaíodh taobh istigh d'Eastáit. Caitheadh €4.471m san iomlán ar ghnáthchothabháil / ar chorrholúntais, agus caitheadh €721,120 sa bhreis air sin ar chláracha éagsúla uasgrádaithe / Athchóirithe eile.

Oibreacha Feabhsúcháin / Eastáit I Ndrochstaid

Rinneadh feabhsúcháin ar 322 aonad agus ar na seirbhísí comhchoiteanna / áit súgartha ar eastát amháin.





Bainistiú Eastáit

Cuireadh breis agus €103,700 ar fáil fa choinne tograí bainistíochta eastáit.

Úinéireacht Tí A Chur Chun Cinn

I measc na scéimeanna iasachta atá á n-oibriú ag an Chomhairle tá:

- lasacht Cheannaigh / Tógála
- lasacht Chomhúineireachta
- lasacht Cheannaigh ag Tionónta
- lasacht Atógála

Meastar gach iasacht anois de réir Beartais Chreidmheasa atá á fheidhmiú againn de dhroim na rialachán leasaithe a tugadh isteach in 2009.

Scéim Cheannaigh Incrimintigh

Tugadh isteach Scéim Cheannaigh Incrimintigh nua in 2010, ina n-íocann an ceannaitheoir praghas lascainithe as teach agus, ar a shon sin, tugtar lánúinéireacht dó/dí agus bíonn sé/sí freagrach as é a chothabháil agus a árachú. Ar a shon sin, gearrann an tÚdarás Tithíochta muirear laghdaitheach ar an mhaoin atá comhionann leis an lascaine a thugtar don cheannaitheoir (is lascaine 60% a fhaigheann iarratasóir atá ar theacht isteach níos ísle, agus is lascaine 40% a fhaigheann iarratasóirí atá ar theacht isteach níos airde). Tugtar scair na táille don cheannaitheoir

thar an tréimhse muirearaithe, a d'fhéadfadh a bheith idir 20 agus 30 bliain. Thig leis an cheannaitheoir an mhaoin a athdhíol in am ar bith ar luach an mhargaidh agus méid á íoc leis an Údarás Tithíochta atá comhionann le cion an mhuirir ghnáthscaire atá gan aisíoc ar an mhaoin go fóill. Tá an chéad rogha ag an Údarás Tithíochta an mhaoin a cheannach ar ais i gcás go mbeidh sé ar athdhíol i rith na tréimhse muirearaithe.

Cuireadh 60 teaghais incháilithe i leataobh le díol faoin scéim (41 Sóisialta & 19 Inacmhainne Neamhdhíolta). Cé go bhfuil na teaghaisí seo dáilte ar dhaoine atá ar an liosta feithimh Tithíochta ar an ghnáthdhóigh, tá cúig bliana ag na tionóntaithe ionchasacha lena gceannach faoin Scéim.

Scéim Cheannaigh Tionónta

Ar mhaithe le bheith i gcomhthráth leis an Scéim Cheannaigh Incrimintigh, d'fhógair an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil go mbeadh deireadh le hiarratais úra ar theaghaisí a cheannach faoin Scéim Cheannaigh Tionónta reatha go luath in 2012. Cuireadh sin in iúl do gach tionónta ábhartha le deis cheannaigh a thabhairt dóibh faoin scéim reatha dá mba mhian leo sin. D'fhógair an tAire chomh maith go raibh reachtaíocht beartaithe le haghaidh 2011 le scéim úr a thabhairt isteach i dtaca le tithe údaráis áitiúil atá ann cheana féin a dhíol le tionóntaí, de réir prionsabal ceannaigh incrimintigh, rud a bheadh i gcomhréir le druidim síos na scéime reatha.

lasachtaí Tithíochta

I rith 2010 glacadh le beartas leasaithe i dtaca le deontais tithíochta arb aidhm leis:

freastal ar riachtanais an líon is mó daoine agus is féidir

- a bhí aosta nó
- a raibh na riachtanais is mó / is casta go cliniciúil / is mó cúram feidhmiúil acu agus:
- a chónaíonn go fóill laistigh d'acmhainní atá ar fáil.

Scheme	Number of Approvals	Paid
Deontas do Dhuine faoi Mhíchumas	7	€25,161
Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas	67	€650,834
Scéim Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta	38	€85,143
Scéim Deisiúchán Riachtanach	6	€54,990
Scéim Cabhrach Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	200	€658,112
Iomlán	318	€1,474,240

Cóiríocht Don Lucht Siúil

Bhí spriocanna sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil, ina gcumhdaítear an tréimhse 1 Eanáir 2009 go dtí 31 Nollaig 2013, le 9 n-aonad cóiríochta a sholáthar i rith 2010. Freastalaíodh ar riachtanais chóiríochta 10 dteaghlach de chuid an Lucht Siúil trí chineálacha éagsúla cóiríochta mar seo a leanas:

6 Ghnáthscéim Tithíochta

1 Ghrúpthithíocht (oibreacha oiriúnaithe)

2 thionónta SCC (An Scéim um Chóiríocht ar Cíos),

1 thairiscint ar Thithíocht Scéime diúltaithe.



Coiste Um Beartais Straitéiseacha Na Seirbhísí Tithíochta & Corparáideacha (Cbs)

Reáchtáil An CBS Tithíochta/Foirgníochta ceithre chruinniú i rith 2010 agus d'athbhreithnigh siad na beartais agus na nósanna imeachta maidir leis na hábhair seo a leanas:

- Athbhreithniú ar Bheartas maidir le Scéimeanna Deontais do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Athbhreithniú ar an Scéim um Thosaíochtaí Ligin
- Creatphlean Gníomhaíochta Do Dhaoine Gan Dídean I Réigiún An Iarthuaiscirt
- Straitéis um Iompar Frithshóisialta
- Scéim na Rothar chun Oibre
- Scéim Cheannaigh Incrimintigh

Ballraíocht

Comhairleoirí:

An Clr. Deasún Ó Lorcáin

An Clr. Rena Donaghey

An Clr. Liam Blaney

An Clr. Nollaig Mac Giolla Bhríde

An Clr. Seán Ó Baoill

An Clr. Séamus Ó hAirt

An Clr. Cora Harvey

An Clr. Mary Kelly (Comhairle Baile Bhun Cranncha)

Baill Earnála:

An tUas. Olibhéar Ó Dufaigh

In. Paula Leonard

In. Anne Wilkinson

Bóithre Agus Iompar



Bóithre Náisiúnta

Bhíothas in ann cuid mhór oibre breise a dhéanamh ar an ghréasán náisiúnta i nDún na nGall mar gheall ar mhaoiniú breise a fuarthas sa dara leath den bhliain 2010 fá choinne oibreacha dromchlaithé agus cosán. Dheimhnigh An Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh don N56 Scéim Thamhnach an tSalainn go hInbhear i mí Mhárta 2010 agus tosaíodh ar idirbheartaíochtaí talún.

Nasc N14 - N15 go dtí an A5

Is é atá sa scéim seo an nasc trasna na teorann go Tuaisceart Éireann atá forbartha mar chuid de thionscadal ar leith faoin tionscadal Leitir Ceanainn go dtí An Srath Bán. Tá dearadh an tionscadail tugtha chun críche agus tá an mheasúnacht timpeallachta críochnaithe. Táthar ag súil an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh a fhoilsiú in 2011.

N13 Srath an Urláir go Doire

Cuireadh leithdháileadh forlíontach €200,000 ar fáil don tionscadal seo. Úsáideadh an leithdháileadh seo le múnlú talún LiDAR a choimisiúnú, chomh maith le samhail tráchta a scoipeáil.

Neartú pábhála ar bhóithre náisiúnta, Oibreacha Forleagain agus Dromchla.

Bliain iontach rathúil a bhí ann do Dhún na nGall i dtaca le hoibreacha dromchla agus pábhála. Fuarthas maoiniú tosaigh thart fá €4m ag tús na bliana. Ardaíodh an tsuim seo go dtí méid iomlán de €9.3 mar gheall ar mhaoiniú breise a chuir an tÚdarás Náisiúnta Bóithre (ÚNB) ar fáil fá choinne oibreacha dromchla.

Fuarthas maoiniú fosta fá choinne 9 mór-fhorleagan pábhála deartha do Phábháil 'Tosaíochta' ar Bhóithre Náisiúnta agus d'Áthshlánú Pábhála Bainteach le hAimsir. Díriodh an dá dheontas seo ar oibreacha áitiúla pábhála agus dromchla ar fud an ghréasáin. Socraíodh ar na tosaíochtaí trí shuirbhé ar an ghréasán iomlán (Samhain 2009 agus Feabhra 2010) de réir nósanna imeachta meastóireachta an ÚNB.

Tionscadail ar Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha

N56 An Clochán Liath go dtí na Gleannta

Roghnaíodh an Scéim seo mar scéim phiólótach don Charrbhealach Singil nua de Chineál 3. D'fhorbair an ÚBN an cineál seo bóthair le húsáid in áiteanna ina mbíonn an méid tráchta éadrom agus ina mbíonn na srianta timpeallachta an-docharaídeach. Rinneadh dul chun cinn in 2010 ar an obair leis an réamhdhearadh agus an mheasúnacht timpeallachta a fhorbairt. Tá an dearadh á dhéanamh ag baill foirne san Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta (ODBN) agus tá ionchur á fháil ó shainchomhairleoirí de réir mar is gá. Tá soláthar na gcomhairleoirí éagsúla curtha i gcrích. Tá réamhdhearadh ailínithe agus measúnacht timpeallachta curtha i gcrích. Tá cuid mhór den obair i dtaca le conradh um réamhscrúdú talún curtha i gcrích. Reáchtáladh comhairliúcháin phoiblí i mí Iúil 2010.

N56 Tamhnach an tSalainn go hinbhear

Dheimhnigh An Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) don stráice den bhóthar ó Thamhnach an tSalainn go hInbhear agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 2 Meitheamh 2010. Tá an Chomhairle i mbun tailte a fháil san am i láthair. Tá tús curtha leis an phróiseas soláthair le comhairleoir innealtóireachta a cheapadh don chonradh tógála.

N56 Leitir Ceanainn (Pleanáil agus Dearadh)

Cuireadh leithdháileadh forlíontach €50,000 ar fáil agus úsáideadh é le roinnt réamhoibreacha um scrúdú talún a dhéanamh. Cuireadh an próiseas um Roghnú Bealaigh i gcrích agus cheadaigh an Chomhairle an Rogha Bealaigh ag a gcruinniú ar an 26 Aibreán 2010.

Bóithre Neamhnáisiúnta

Tagann maoiniú le haghaidh bóithre Neamhnáisiúnta go príomha ón Roinn Iompair, agus soláthraítear tuairim is 13% ó acmhainní na Comhairle féin. Thar na blianta, leithdháil foinsí eile, ar nós Roinn na



Gaeltachta, Clár, Interreg agus Síocháin II, maoiniú fá choinne scéimeanna ar bhóithre Neamhnáisiúnta. Mar sin féin, ní bhfuarthas aon leithdháileadh ó na foinsí seo in 2010 mar gheall ar shrianta ar bhuiséid. Le blianta beaga anuas, bhíodh airgead ar fáil ó tháillí forbartha le bóithre agus cosáin a fheabhsú - ach tá sé sin laghdaithe go mór fosta.

Leithdháil an Roinn Iompair tuairim is €26m in 2010 fá choinne bóithre Neamhnáisiúnta, laghdú 10% ar mhéid na bliana roimhe sin, ach go suntasach, ba laghdú €17m é seo ar an leithdháileadh €43m don bhliain 2008.

I measc na laghduithe ba mhó a bhí ann i dtaca le leithdháilte in 2010 bhí; An Deontas um Fheabhsúcháin ar Leith (AE) a laghdaíodh 58% ó €4,625,000 go dtí €1,928,000, agus An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil a laghdaíodh ó €1,831,000 in 2009 go dtí €610,000. Cé go raibh an maoiniú teoranta rinneadh dul chun cinn suntasach ar na scéimeanna bóthair seo a leanas:

- Bóithre Tionsclaíocha na gCealla Beaga
- Droichead na Maoile Rua agus bóithre isteach chuige a chur i gcrích
- Bóthar ceangail Ard an Rátha - Ardachaidh

Droch-Aimsir Gheimhridh

Is mór an t-iontas gur tharla dhá cheann de na sé thréimhse is fuaire riamh i nua-stair na haimsire in Éirinn laistigh den aon bhliain féilire amháin - Eanáir 2010 agus Samhain/Nollaig 2010.

Níl aon dóigh shingil ann leis an tréimhse is fuaire a shainmhíniú - bheadh ar a leithéid d'fhigiúr fad ama, achar tíreolaíoch agus "doimhneacht" an fhuachta a chur san áireamh, ach ag glacadh san áireamh an fad ama agus an teocht bhí sé seo ar cheann de na tréimhsí aimsir gheimhridh ba mheasa in Éirinn, inchurtha leis na blianta 1933, 1947, 1963 agus 1982.

Chomh maith leis an fhuacht feanntach bhí titim mhór sneachta sa chontae agus sa chuid eile den tír, rud a d'imir tionchar mór ar gach réimse den tsochaí. Taifeadadh teochtaí rí-íslé, le -18.1 gcéim cláraithe do Chúil na gCuirridín ar an 25 Nollaig 2010 agus níor ardaíodh teochtaí i rith an lae go dtí níos mó ná -9.7 gcéim i stáisiún aimsire amháin. I ndiaidh na tréimhse fíor-dhrochaimsire i ngeimhreadh 2009/2010, socraíodh go ndéanfadh An Roinn Iompair agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

clár náisiúnta a mhaoirsiú agus a bhainistiú i dtaca le salann bóthair a sholáthar, a dháileadh agus a stóráil, agus go gcinnteoidís go mbeadh stoc leordhóthanach ann, go ndéanfaí é a chothabháil agus a chur ar fáil d'údaráis áitiúla fá choinne gach cothabháil gheimhridh, agus go soláthróidís le haghaidh tréimhse d'aimsir fhuar chomh holc agus chomh fada leis an cheann a tharla idir Nollaig 2009 agus Eanáir 2010.

Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall cinneadh as a stuaim féin a gcuid scioból salainn féin a stocáil go hiomlán (5000t) sa samhradh 2010. Ina ainneoin seo, de réir mar a lean an drochaimsir ar aghaidh, d'úsáid an Chomhairle a stoc iomlán, chomh maith le 2000t sa bhreis a soláthraíodh faoin chlár náisiúnta roimh 14 Nollaig (7000 tonna san iomlán). Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, is é 3,800 tonna an mheánmhéid salainn a d'fhaigheadh an Chomhairle sna blianta 1998-2008. Bhí an patrún céanna idithe i gceist ar fud na tíre.

Ós rud é go raibh ganntanas soláthairtí salainn ar fáil don Chomhairle go náisiúnta trí an ÚBN, agus mar gheall ar easpa foinsí eile siocair dianéilimh ar fud na hEorpa, bhí ar an Chomhairle, ar an 17 Nollaig, tosaíochtaí a dhéanamh dá gnáthbhealaí agus iad a roinnt in dhá chatagóir, ceann amháin ar cuireadh salann nó salann/griothal air agus an ceann eile ar griothal amháin a cuireadh air. Leanadh leis an phróiseas ciondála seo go dtí an Bhliain Úr nuair a cuireadh lánseirbhís ar fáil arís do gach bóthar i ndiaidh go bhfuarthas salann thar thréimhse na Nollag agus na Bliana Úire.

Rinne an drochaimsir dochar suntasach do staid na mbóithre sa chontae. Tharla sioc-at ar chodanna fada de na bóithre mar gheall ar chomh domhain agus a chuaigh an sioc.

Feasacht Sábháilteachta Bóthair

Tá sábháilteacht ar bhóithre ina thosaíocht ag an Chomhairle go fóill agus bítear ag cuidiú agus ag comhoibriú leis an ghrúpa idirghníomhaireachta, mar atá, An Mheitheal Oibre um Shábháilteacht ar Bóithre Dhún na nGall. Is uatha seo a leanas a thagann an bhallraíocht: Comhairle Contae Dhún na nGall, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Feidhmeannacht na Seirbhíse

Sláinte, An Garda Síochána, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall, Fóram Alcóil an Iarthuaiscirt Teo, Seirbhís Óige Dhún na nGall, Comhairle Óige Dhún na nGall agus Teagascóir Tiomána atá ar Chlár na dTiománaithe Ceadaithe.

Is é fócas an ghrúpa an Plean úr um Shábháilteacht ar Bhóithre 2010-2015 a chur i bhfeidhm faoi na cúig ghné seo a leanas: Oideachas, Innealtóireacht, Cur i bhFeidhm, Measúnacht, agus Cumasú. Tá an-tábhacht le gné an oideachais agus bíonn feachtais leanúnacha feasachta ag díriú ar 'iompraíocht mharfach', mar atá, an tiomáint ar meisce, an tiomáint róghasta, gan crios sábhála a chaitheamh agus an tuirse.

Ba é an Ródseó um Shábháilteacht ar Bhóithre buaicphointe na bliana, a bhí dírithe ar scoláirí idirbhliana, FÁS agus Ógtheagmhála. D'fhreastail chóir a bheith 3,000 duine óg ar an imeacht, a raibh daltaí ina measc ó scoileanna ar an tSrath Bán agus ó Dhoire, arna éascú ag Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann. Tá an seó seo, nach gcuireann fiacal ann, mar chuid sheasmhach d'fhéilire bliana na scoileanna anois agus is baill ón tSeirbhís Dóiteáin, an tSeirbhís Otharcharranna, Comhairligh Éigeandála agus An Garda Síochána a sheachadann é. Cuirtear críoch leis an seó le fionscéalta ó mharthanóir timpiste agus ó mháthair a chaill a hiníon go tragóideach in imbhuailteacht ar bhóthar.

Ba iad na príomhthéamaí um shábháilteacht ar bhóithre a cuireadh chun cinn i Scoileanna Náisiúnta le linn 2010 ná An Cód Sábhála, caitheamh an chreasa shábhála agus an



rothaíocht shábháilte. Úsáideadh ábhair de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, rinneadh comhthionscnamh le Cumann Sacair Chláirseacha na Finne, agus bhí comhpháirtíocht le Scoileanna Glasa An Taisce, le tacú le seachadadh na dteachtaireachtaí seo. Tá an t-aiseolas a fhaightear ó phríomhoidí scoile, ó thuismitheoirí agus ó scoláirí i gcónaí dearfach, agus cuireann an 700 iontráil ar aon chomórtas ealaíne amháin i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre in iúl go soiléir go bhfuil tacaíocht ann.

I measc na bpríomh-imeachtaí a óstáladh i rith na bliana, agus a raibh de spriocghrúpa acu daoine óga nó daoine atá ar tí tosú, nó atá tosaithe amach, ar a saol tiomána, bhí; Oíche Eorpach gan Timpiste, Seachtain Sábháilteachta Bóthair in ITLC, an Dúshlán Trasteorann do Thiománaithe Óga agus roinnt taispeántas bréige d'Imbhualtí Tráchtá Bóthair i mBun Cranncha, i mBealach Féich agus i nGaoth Dobhair.

Coiste Um Beartais Straitéiseacha Do Bhóithre Agus Iompar (Cbs)

Bhí ceithre chruinniú ag an Choiste um Beartais Straitéiseacha do Bhóithre agus Iompar in 2010, faoi chathaoirleacht an Clr. Pádraig Mac Lochlainn.

Pléadh na hábhair seo a leanas:

1. Cothabháil Gheimhridh
2. Leithdháiltí Deontais Bóithre
3. Togra Iarnróid
4. Scéim Phiolótach um Draenáil Bóithre
5. Fodhlíthe Cuain
6. An Clár um Iniúchadh Droichead
7. Doiciméad Comhairliúcháin maidir le Rochtain chuig Bóithre Náisiúnta
8. Scáthláin Bhus a Sholáthar
9. Taisteal Cliste
10. Conair Iompair Iarthair an A5
11. Athbhreithniú ar Thrasrianta Scoile

Comhairleoirí

An Clr. Pádraig Mac Lochlainn

An Clr. Liam Ó Bléanaigh

An Clr. Seán Mac Connuibh

An Clr. Máirtín Ó hEaraile

An Clr. Mícheál Ó Dochartaigh

An Clr. Pádraig Ó Dochartaigh

An Clr. Máirtín Ó Fearáin

An Clr. Gearóid Mac Maonghail

Earnálach

An tUas. Labhrás Mac Mánaís

An tUas. William Monagle

An tUas. Brian Mac Suibhne

An tUas. Stiofán Mac Cathail





Seirbhísí Uisce & Timpeallachta



Oibriú na Seirbhísí Uisce

Táirgeadh tuairim is 24 milliún méadar ciúbach d'uisce óil in 2010, as a dtáinig 23.5 milliún ó fhoinsí arna n-oibriú go poiblí (Comhairle Contae) agus 0.5 milliún ó fhoinsí a bhí ag fónamh do sholáthair phríobháideacha. Cheannaigh an Chomhairle tuairim is 69,500 méadar ciúbach d'uisce ó Thuaisceart Éireann fosta. Tá chóir a bheith 44,000 ceangal tí leis an phríomhsholáthar píopaithe uisce. Aithníodh 10,360 ceangal tráchtála ag deireadh 2010 fá choinne billeála, a bhfuil 8,900 acu méadaraithé.

Mar gheall ar an fhíor-dhrochaimsir ag deireadh 2010 chuaigh sé an-chrua orainn an soláthar uisce ar fud an chontae a chothabháil. Bhí baill foirne ar glao-dhualgas, ó dhubh go dubh in go leor cásanna, faoi choinniollacha an-deacra, le dul i ngleic le sceití agus pléascchaí, agus lena chinntiú gur cothabháladh an soláthar, an oiread agus ab fhéidir.

Bonneagar Seirbhísí Uisce/Fuíolluisce

Tarraingítear uisce ó ocht bhfoinse uisce is ochtó ar leith ar fud an chontae agus seachadtar é chuig tomhaltóirí trí scéimeanna poiblí um soláthar uisce agus trí ghrúpscéimeanna.

Leanadh leis an scéim uisce réigiúnach a fhorbairt do Dheisceart Dhún na nGall in 2010. Coimisiúnaíodh fearas píolótach leis an réiteach is fearr agus is féidir a shocrú maidir le ceisteanna cáilíochta uisce don tsoláthar. Tá Scéim Soláthair Uisce Abhainn tSeiscinne i bhfeidhm anois in áit Ghrúpscéim Phríobháideach Soláthair Uisce an Leagain Bhreac. Tháinig soláthar poiblí uisce Réigiún

na Rosann i gcomharbacht ar ghrúpscéim phríobháideach Lettercough le linn na bliana. Rinneadh oibreacha feabhsúcháin eatramhacha ar Oileán Thoraí fosta.

Cáilíocht Uisce agus Rialú ar Thruailliú

Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) an t-údarás maoirseachta don Chomhairle Contae maidir le seirbhísí uisce.

Déantar monatóireacht ar cháilíocht na soláthar poiblí agus príobháideach araon tríd an Chlár um Mhionatóireacht Uisce Óil. Is baill foirne na Comhairle agus Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte a chuireann an clár seo i bhfeidhm, agus bíonn ról ag an FSS, ag an Chomhairle agus ag saotharlanna seachtracha. Foilsíonn an GCC tuairisc ar cháilíocht an uisce óil gach bliain, bunaithe ar thorthaí an Chlár Monatóireachta Contae.

Tharla feabhas suntasach foriomlán ar gach catagóir go príomha mar gheall ar rialú níos fearr ar dhífhabhtú agus feabhas ar mhionatóireacht iarmharach clóirín. I gcás na Scéimeanna Uisce Poiblí, forbraíodh córas inmheánach um rialú clóiríniúcháin, de réir shonraíochtaí an GCC. Thug Chambers Ireland ardmholadh don chóras seo as a nuálaíocht agus tá an Ghníomhaireacht á mholadh d'údaráis áitiúla eile mar eiseamláir dea-chleachtais i gcúrsaí clóiríniúcháin. Tá sé á chur isteach de réir a chéile in achan soláthar poiblí san am i láthair.

In 2010 leanadh leis an phróiseas ina bhfuil an GCC ag údarú gach diúscairt bhargasach fuíolluisce sa stát, trí cheadúnas nó trí theastas clárúcháin. Go dtí seo, tugadh seacht gceadúnas i dtaca le hionaid i Leitir Ceanainn, na Cealla Beaga, Béal Átha Seanaidh, Bun Dobhráin, Baile Dhún na nGall, Bealach Féich/Srath an Urláir agus Carn Domhnach.

Seirbhísí Uisce um Chláracha Caipitil

Clár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce

Is é atá i gceist leis an Chlár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce ná mórscéimeanna caipitil uisce agus fuíolluisce a sheachadadh ó thús go deireadh. Is é an Measúnú Riachtanas

in 2009 atá mar bhonn ag an Chlár Infheistíochta is déanaí i Seirbhísí Uisce 2010-2012. a d'fhoilsigh An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in 2010

Tá eolas thíos faoi seo i dtaca le dul chun cinn ar an chlár in 2010:

- Obair thógála críochnaithe ar Scéim Soláthair Uisce Loch Moirne / Leitir Ceanainn - conradh Réamhoibreacha, a raibh feabhsú eatramhach ar oibreacha cóireála uisce Mhín Chromghlinne mar pháirt de.
- Tosaíodh ar obair thógála ar Scéim Séarachais na gCealla Beaga, conradh uimhir 2 - bailiú tionsclaíoch agus sruth éalaithe domhainfharraige.
- Rinneadh obair shuntasach ar Scéim Séarachais na Lathaí.
- In 2010 cuireadh críoch, a bheag nó a mhór, leis an chonradh contae chun uisce a chaomhnú trí mhéadarú agus trí theiliméadracht, conradh a bhí bainteach leis an Chlár um Chaomhnú Uisce.

Pleananna Bainistíochta Abhantrach

I mí Iúil 2010, foilsíodh Pleananna Bainistíochta Abhantrach don tréimhse go dtí 2015 fá choinne gach ceann de na seacht gCeantar Abhantraí in Éirinn. Mar Údarás Áitiúil Comhordaitheach ar Cheantar Abhantraí idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt, bhí freagracht ar leith ar Chomhairle Contae Dhún na nGall le Plean Ceantair an Iarthuaiscirt a ullmhú, i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla eile sa Cheantar (An Cabhán, Liatroim, Longfort, Muineacháin agus Sligeach) agus páirtithe leasmhara eile. Tá cur síos sna Pleananna Abhantraí ar stádas na n-uiscí ar fad sa cheantar san am i láthair, na brúnna atá ag gníomhú ar na huiscí sin, na cuspóirí atá

leagtha síos, agus na bearta atá le déanamh chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Bainistiú Dramhaíola

Diúscairt Dramhaíola

Tá an láithreán líonadh talún de chuid na Comhairle ag Baile na Carraige, Baile an tSratha, ar an aon láithreán amháin atá ceadúnaithe chun glacadh le dramhaíl. Lean an Chomhairle ag monatóiriú a suíomhanna líonadh talún, idir oscailte agus druidte, i dtaca le comhlíonadh riachtanais an GCC. Is é a bhí i gceist leis seo sampláil agus tástáil rialta ar astuithe aeir, ar screamhuisce, ar uisce dromchla agus ar láisteáit.

Tá go fóill tarraingt mhór ábhar inathchúrsáilte ar na hIonaid Taitneamhachta Pobail (6 cinn). Bailíodh 4,380 tonna d'ábhar inathchúrsáilte ag Ionaid Taitneamhachta Pobail, ag bainc 'fág anseo' agus ag pointí bailiúcháin eile, ar nós dramhaíl ghluaiseach agus athchúrsáil cadhnaí, le linn na bliana.

Rialúchán

D'éisigh an Chomhairle aon cheann déag de Cheada Bailithe Dramhaíola (CBD) i 2010. Baineann cuid mhór de na ceadúnais le sainbhailitheoirí dramhaíola atá ag feidhmiú ar fud an chontae, agus baineann 8 gcinn acu le bailitheoirí a sholáthraíonn seirbhísí bailithe tí sa chontae.

I 2010, eisíodh 11 Chead úra d'Áiseanna Dramhaíola (CÁD). Soláthraíonn na Rialacháin úra um Chead d'Áiseanna Dramhaíola do Theastais Chláraithe d'áitribh dhramhaíola, agus bronnadh 11 díobh i 2010.

I measc gníomhaíochtaí rialála agus forfheidhmithe eile bhí imscrúdú ar an



dumpáil mhídhleathach, an dó mídhleathach, Tionscnaimh chun Freagracht Táirgeora a chur i bhfeidhm, agus Tobhaigh ar Mhálaí Plaisteacha. Tá an Chomhairle i ndiaidh acmhainní suntasacha a chur isteach leis na forálacha ábhartha reachtúla a chur i bhfeidhm agus le comhlíontacht a mhonatóiriú, agus i 2010, mar thoradh air seo, d'éirigh linn i roinnt cásanna cúirte, agus tá cásanna eile le dul os comhair na gcúirteanna mar gheall ar imscrúduithe a rinneadh i 2010 agus sna blianta roimhe sin.

Oideachas agus Feasacht Timpeallachta

Sheachaid an tOifigeach Feasachta Timpeallachta an Clár Timpeallachta do Scoileanna do 100 scoil, idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna. Is é a bhí i gceist leis seo seimineáir, comhairle agus cainteanna a thabhairt ar chleachtais um bhainistiú dramhaíola, an clár scoileanna glasa agus turais ar na sé ionad athchúrsála sa chontae. Faoi dheireadh 2010, bhí 182 scoil cláraithe leis an chlár scoileanna glasa agus bhí 106 Brat Glas bronnta. D'éirigh go han-mhaith le Comórtas agus Taispeántas Grianghrafadóireachta ar an Timpeallacht do Scoileanna, a reáchtáladh i 2010 agus a bhfuarthas 100 iontráil fána choinne ó scoileanna ar fud an chontae.

Rinneadh feachtas fairsing poiblíochta le haird a tharraingt ar an oiread seirbhísí athchúrsála atá ar fáil. Reáchtáladh Lá Saor Athchúrsála in achan cheann de na sé ionad taitneamhachta pobail agus d'éirigh thar barr leis sin.

D'oibrigh an Chomhairle go dlúth leis na coistí pobail agus rinne ceardlanna ar an mhúiriniú, ar bhainistiú freagrach dramhaíola agus ar bhruscar. Óstáladh ceardlann an-rathúil do Choistí Bailte Slachtmhara ar íoslaghdú dramhaíola agus reáchtáladh feachtas eolais ar an dóigh a mbaineann rialacháin úra le gnólachtaí agus le heagraíochtaí.

Gníomhaíochtaí Glantacháin

Cuireadh cabhair ar fáil do choistí deonacha le slacht a chur ar láithreáin mhídhleathacha dumpála tríd an Scéim Dreasachta Pobail. Cuireadh deontais ar fáil fosta do choistí Bailte Slachtmhara. Choinnigh an Chomhairle ag úsáid dhá Aonad Taistil Bruscair le dul thart ar an chontae le bruscar a ghlanadh ó thaobh an

bhóthair, ó ionaid phicnice, ó thránna agus ó dhumpaí mídhleathacha.

Bainistiú Bruscair

D'fhostaigh an Chomhairle sé Mhaor Bruscair i 2010 sa bhreis ar na Maoir Thráchtá / Bhruscair i mBaile Dhún na nGall, Béal Átha Seanaidh, Bealach Féich/Srath an Urláir, agus i gComhairlí Baile Bhun Dobhráin agus Leitir Ceanainn. Cuireann na maoir i bhfeidhm forálacha an Achta um Thruailliú Bruscair, 1997 agus an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996 agus i measc na ndualgas atá orthu tá imscúdú a dhéanamh ar an dumpáil mhídhleathach, agus fíneálacha ar an láthair agus rabhaidh i dtaca le coireanna bruscair a eisiúint.

Úsáideadh ceamaraí ceilte go rathúil i dToghcheantar Inis Eoghain i 2010, a raibh de thoradh air gur laghdaíodh méid an bhruscair a caitheadh thart go neamhairdeallach. Tá sé i gceist an córas seo a leathnú amach ar fud an chontae i 2011 le dul i ngleic leis mhéadú atá an oiread bruscair atá á chaitheamh thart.

Tránna Brataí Goirme

Donegal retained twelve Blue Flag Awards in 2010 as follows:

Murbhach	Fionn Trá
Magherawarden (Port an tSalainn)	Ros Neamhlach Bun Dobhráin
Lios Feannáin	Carraig Fhinn
Trá na Cille	An Fhearhainn
Cnoc an Mharmair An tSrúibh	Cúil Dabhcha

Lean an Chomhairle ag infheistiú cuid mhór leis na Bratacha Gorma a choinneáil ag na tránna seo i 2010. Is é atá i gceist leis seo ná sampláil uisce, cothabháil trá, comharthaíocht agus gardaí tarrthála a fhostú.

Sábháilteacht Uisce

Fostaíodh gardaí tarrthála ar gach Trá Brataí Goirme agus ar thránna Ráth Maoláin agus na nDúnaibh fosta. Soláthraítear treatamh tarrthála fosta. Chomh maith leis sin, cuirtear deontais ar fáil do ghrúpaí áitiúla cuardaithe agus tarrthála sa chontae.



Seirbhísí Tréidliachta

Táirgeacht Bhia

Déanann an Chomhairle maoirseacht ar áitribh bhia, áitribh feoil dhearg agus chirceola san áireamh, atá ag obair faoi Chonradh Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Scrúdaítear gach ainmhí a thairgtear le marú mar bhia do dhaoine, roimh an mharú ar dtús agus ansin sula scaoiltear an fheoil ar an mhargadh. Tástáladh seachtó is a cúig sampla le linn na bliana lena chinntiú go raibh an fheoil a bhí ar díol sa chontae saor ó aon fhuilleach midhleathach agus/nó aon éilliú mídhleathach.

Rialú Madaí

Fostaíonn an Chomhairle Oibrí Conchró amháin agus, i gcomhar le Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmhithe, beirt mhaor madaí. D'osclaítí an póna madaí ag Gleann Chartha Albanach, Leitir Ceanainn, sé lá sa tseachtain agus láimhseáladh 810 madadh in 2010. Scrúdaítear gach madadh a thagann isteach sa Phóna Madaí le féachaint an bhfuil fianaise ann i dtaca le húinéireacht, agus scantar iad fá choinne micrishliseanna. Chuaigh trí chéad nócha a hocht acu seo ar ais chuig a n-úinéirí féin, nó fuarthas teaghlach úr dóibh. Eisíodh 7,313 ceadúnas madaidh agus 15 cheadúnas ginearálta madaidh i rith na bliana.



An Tseirbhís Dóiteáin

Traenáil

Leanadh le traenáil i rith na bliana leis na scileanna atá de dhíth ar chomhraiceoirí dóiteáin a thabhairt suas chun dáta, ina measc traenáil athnuachana i dtaca le gaireas anáilithe agus iompraíocht tine. Reáchtáladh Cúrsa d'Earcaigh fosta le comhraiceoirí úra dóiteáin a thraenáil.

Comharthaíocht, Soilsiú agus Gardáil

Tá an traenáil seo deartha le heolas a thabhairt d'Oifigigh ar reachtaíocht a bhaineann le Comharthaíocht, Soilsiú agus Gardáil.

Treoracha Caighdeánacha Oibríochta (TCOanna)

Tharla forbairt mhór sa tSeirbhís Dóiteáin in 2010 nuair a cuireadh tús le nósanna imeachta nua chun Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ár gcomhraiceoirí dóiteáin agus an ghnáthphobail a fheabhsú ag láithreacha tarlúintí, trí Theoracha Caighdeánacha Oibríochta (TCOanna) a thabhairt isteach le plé le tarlúintí. Le himeacht ama, tiocfaidh na TCOanna seo isteach in áit na "Nósanna Imeachta Briogáide agus Oibríochta".

Fearais Dóiteáin

Fuair Stáisiún Dóiteáin Bhun Cranncha fearas úr dóiteáin Aicme B. Tá an teicneolaíocht uilig is nua-aimseartha feistithe ar an fhearas seo, agus ina measc sin tá córas cúir aer comhbhrúite a dtugtar (CAFanna) air.

Tá iarratas déanta chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar dhá fhearas eile, lena chinntiú go leanfar leis an nuachóiriú ar an fhlít fearas dóiteáin atá againn.

Jípeanna 4X4 ceannaithe

I measc na bhforbairtí ba mhó a tharla i rith na bliana is ea gur ceannaíodh 11 jíp 4 x 4 de dhéanamh Nissan Navarra SE le criúchábáin.



Fuair an tionscadal seo comh-mhaoiniú ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil.

Ceamaraí Íomhánna Teirmeacha

Tá an clár chun ceamaraí íomhánna teirmeacha a sholáthar do gach stáisiún dóiteáin curtha i gcrích anois. Cuirfidh sé seo le hoibriú gaireas anáilaithe in eachtraí cuardaigh agus tarrthála agus in aimsiú tinte i bhfoirgnimh sula gcuirfear foirne comhrac dóiteáin isteach le gaireas anáilaithe.

Córas Tacaíochta Teanntóige d'Imbhualtí Trácht Bóthair

Soláthraíodh trealamh úr sábháilteachta (Tacaíocht Teanntóige ITB) in achan stáisiún le sláinte, sábháilteacht agus leas na gcomhraiceoirí dóiteáin a fheabhsú ag imbhualtí trácht bóthair.

Córais Uathoibríoch Astarraingthe d'Astúcháin Sceite i Stáisiúin Dóiteáin

Tá clár i bhfeidhm le córas uathoibríoch astarraingthe d'astúcháin sceite a sholáthar in achan stáisiún dóiteáin úr le déanamh de réir riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta i dtaca le hastúcháin sceite a astarraingt. Fuarthas cead ón Roinn leis an obair seo a chur amach ar tairiscint agus tá maoiniú de thuairim is €150,000 faighte don tionscadal.

Ríomhairiú na Seirbhíse Dóiteáin

Leantar leis an chlár chun an tseirbhís dóiteáin a ríomhairiú trí ríomhairí úra a sholáthar in achan stáisiún dóiteáin ar mhaithe le cianlogáil sonraí. Bunaíodh leabharlann doiciméad seirbhís dóiteáin ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Dhún na nGall leis an eolas seo a leanas ar fáil anois do chomhraiceoirí dóiteáin ar fud an chontae: eolas ar TCOana, léachtaí traenála, cláracha agus doiciméadú sábháilteachta.

Gradaim fá choinne Seirbhís Fhada

FD'fhreastail comhraiceoirí dóiteáin a raibh seirbhís 20 agus 30 bliain acu leis an bhriogáid dóiteáin ar shearmanas a bhí ar siúl Déardaoin 25 Samhain 2010 i mBaile Átha Cliath.



Comhthionscnamh agus Comhoibriú Trasteorann

Leanann Seirbhís Dóiteáin Dhún na nGall agus Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thuaisceart Éireann lena gcomhoibriú trasteorann trí chruinnithe agus dhíospóireachtaí rialta le nós imeachta oibríochta a fheabhsú i dtaca le comhfheastal ar tharlúintí.

Traenáil i gCeannasaíocht Tarlúintí

Reáchtáladh traenáil i gCeannasaíocht Tarlúintí i mBaile an Irbhinigh i mí na Samhna agus i mí na Nollag d'oifigigh as oirthear an chontae.

Comhoibriú Trasteorann ar Shábháilteacht ar Bhóithre

Glacadh páirt i Seachtain na hEorpa um Shábháilteacht ar Bhóithre ón 21 go dtí 27 Samhain 2010. Mar chuid de seo, d'oibrigh Seirbhís Dóiteáin Dhún na nGall agus Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann le chéile i dTionscnamh Sábháilteachta Bóthair leis an obair a dhéanann na seirbhísí éigeandála uilig ag láthair imbhuailteachta bóthair a thaispeáint do dhaoine laistigh den phobal ar an dá thaobh den teorainn.

Chuir na príomhghníomhaireachtaí uilig, na Gardaí agus an tseirbhís otharcharranna (FSS), SPTÉ agus seirbhís otharcharranna TÉ a dtaithe, a n-am agus a n-acmhainní ar fáil le taispeántais a dhéanamh i bhfíor-am.

Feasacht Sábháilteachta Bóthair

Leanann an tSeirbhís Dóiteáin de bheith ag tacú leis an Mheitheal Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre Dhún na nGall ar chuid mhór tionscnamh atá déanta acu i rith na bliana.

Seirbhís Dheonach Dóiteáin na nOileán

Leantar i rith na bliana le hoiliúint agus le trealamh comhrac dóiteáin a sholáthar in Árainn Mhór agus i dToraigh, áit a dtéann oifigigh choinnithe ón Chlochán Liath agus ó Ghaoth Dobhair ar cuairt go rialta le scileanna na gcomhraiceoirí deonacha dóiteáin a nuashonrú agus a mhonatóiriú.

Mór-Chleachtadh Éigeandála

Dé Máirt 18 Bealtaine 2010, ghlac Comhairle Contae Dhún na nGall páirt i Mór-Chleachtadh Éigeandála lánscaála beo ag Aerfort Dhún na nGall ar an Charraig Fhinn. Reáchtáladh an cleachtadh, ar tugadh an códainm "Exercise Eagle" air, i gcomhar le hAerphort Dhún na nGall agus i gcomhar lenár bPríomh-Chomhpháirtithe Freagartha. An Garda Síochána agus an FSS. Ba iad na gníomhaireachtaí eile a ghlac páirt sa chleachtadh ná: Seirbhís Dóiteáin Dhún na nGall (briogáidí an Chlocháin Léith agus Ghaoth Dobhair), An tSeirbhís Otharcharranna, Údarás Eitlíochta na hÉireann, Gardaí Cósta na hÉireann, Cosaint Shíbhialta, Tarrtháil Sléibhe Dhún na nGall agus RNLI Árainn Mhór. Ghlac breis agus 200 duine san iomlán páirt sa chleachtadh.

Cosaint Shibhialta



Foireann agus Ballraíocht

Tá oifigeach lán-aimseartha amháin ann agus is oibríthe deonacha iad na baill foirne eile.

Foireann	Oibríthe Deonacha
1 Oifigeach Lán-Aimseartha - Edel Flynn, Oifigeach Cosanta Sibhialta	119 oibrí deonach - 62 fireann, 57 baineann
	Earcaigh Úra - 4 Éirithe as - 3

Práinnfhreagairt

Leanann Cosaint Shibhialta de bheith ag tacú leis na príomhghníomhaireachtaí freagartha i dtaca le Pleanáil d'Éigeandálaí Móra.

Ghlac Cosaint Shibhialta Dhún na nGall in Exercise Eagle ag Aerfort Dhún na nGall Dé Máirt 18 Bealtaine agus in Exercise Wetlands i Sligeach i mí Mheán Fómhair.

Thacaigh an tSeirbhís Dóiteáin, na Gardaí Cóta, An Garda Síochána, Rannóga Údaráis Áitiúil agus Tarrtháil Sléibhe Dhún na nGall leis na cleachtaí seo.

Chuir an fhíor-dhrochaimsir brú thar a ngnáth-acmhainn ar na seirbhísí éigeandála uilig. Thug Cosaint Shibhialta an cúnamh seo a leanas do Sheirbhís Otharcharranna an FSS agus do Sheirbhísí Tacaíochta Pobail.

- Othair a thógáil ó otharcharranna a d'imigh ón bhóthar.
- Otharcharranna a tharraingt amach as an tsneachta agus dochtúirí agus altraí a thógáil lena dtabhairt ar scairteanna amach chuig othair gafa sa teach.
- 'Béilí ar Rothaí' a sheachadadh chuig sráidbhailte iargúlta
- Cógais a sheachadadh chuig othair gafa sa teach.

Cúnamh Neamh-Éigeandála Pobail

Tá an tseirbhís phobail seo ag fás ina seirbhís cheann ceann na bliana. I 2010, thug oibrithe deonacha an cúnamh seo a leanas do phobail áitiúla:

Líon Imeachtaí Pobail	Seirbhís a tugadh	Cineál Imeachtaí	Uaireanta Deonacha
104	Maoirseacht Otharcharr & Garchabhair Bainistiú Trácht Sábháilteacht Uisce Slua-Rialú	Féilte Pobail Laethanta Aonaigh, Cluichí Spóirt Rásaí Raftaí	1650

Plean Forbartha Straitéiseach 2010- 2013

Sheol an tAire Cosanta, an tUas. Tony Killeen TD, an tríú Plean Straitéiseach Dé hAoine 18 Meitheamh ag ócáid i gCeannáras na Cosanta Sibhialta, Ros Cré, Tiobraid Árann. Beidh an plean ina threoir d'fhorbairt na Cosanta Sibhialta sna trí bliana amach romhainn.

Babhtaí Ceannais Náisiúnta 2010

Rinne Dún na nGall ionadaíocht ar an réigiún ag babhtaí ceannais náisiúnta na Cosanta Sibhialta i gContae na Mí Dé Sathairn 2 Deireadh Fómhair. Bhí an ócáid ina buaicphointe iomaíochta sa bhliain do 6,000 oibrí deonach a ghníomhaíonn mar sheirbhís dara líne ag na seirbhísí éigeandála tosaigh, mar atá, na seirbhísí otharcharranna, dóiteáin, agus cuardach & tarrtháil, i gcás éigeandála. Chuaigh 12 fhoireann ón Chabhán, Corcaigh Thuaidh, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Laois, Tiobraid Árann Thuaidh agus Cathair Phort Láirge san iomaíocht sa Bhabhta Ceannais Náisiúnta ag Campa Airm Bhaile Mhic Gormáin.

Bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas i measc na ndúshlán fíorshaoil i rith an lae; garchabhair a thabhairt, íospartaigh thráma a shuaimhniú, deileáil le tollán tite, agus scrúduithe i dteileachumarsáidí, i léamh léarscáileanna agus in aslonnaithe. Ba é Contae an Chabháin na Buaiteoirí Náisiúnta, agus tháinig Dún na nGall sa tríú háit.

CBS Uisce, Timpeallachta & Seirbhísí Éigeandála

Bhí ceithre chruinniú ag an Choiste i rith 2010, faoi chathaoirleacht an Chomhairleora Nollaig Mac Giolla Bhríde.

Ba é an píosa oibre ba shuntasá a rinneadh ná an díospóireacht ar na Fodhlíthe um Rialú Capall, a rabhthas le glacadh leo go luath i 2011. Aontaíodh beartas i dtaca le sealbhú grúpscéimeanna uisce chomh maith, agus ghlac an Chomhairle leis.

Ballraíocht

An Clr. Proinsias Mac Briartaigh

An Clr. Mícheál Ó Coinn

Comhairleoir

An Clr. Nollaig Mac Giolla Bhríde

An Clr. Ciarán Ó Brógáin

An Clr. Pádraig Mac Gabhann

An Clr. Rena Donaghey

An Clr. Séamus Ó Domhnaill

Earnálach

In. Michelle Hay

An tUas. Pádraig Ó Ceallaigh

An tUas. Mícheál Búiteach

An tUas. Brian Ó Brógáin



Pleanáil & Forbairt Eacnamaíochta

Achtaíodh mórfhiosa reachtaíochta Pleanála, An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2010, agus thug sin isteach athruithe suntasacha in achan réimse Pleanála. Is é príomhchuspóir an Achta ná na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go dtí 2009 a leasú, agus é de phríomhchuspóir aige sin tacú le hathnuachan eacnamaíochta agus forbairt inbhuanaithe a chothú, trína chinntiú go dtacaíonn an córas pleanála le hinfheistíocht spriocdhírthe ar bhonneagar ag an Stát, agus trí chriosú talún a nuachóiriú tuilleadh.


Stiúir an tAcht athruithe ar leagan amach doiciméad beartais agus a bhfuil iontu, ar nós Pleananna Forbartha; soiléiríonn sé dualgais na n-údarás pleanála faoi na Treoracha um Éin agus Gnáthóga; tugann sé isteach athruithe maidir le moltaí áirithe coinneála; agus leasaigh sé na tosca ina dtig síneadh ar chead a dhéanamh (go ceann tréimhse suas le 5 bliana) le cúrsaí tráchtála, eacnamaíochta nó teicniúla atá ó smacht an iarratasóra a chur san áireamh, faoi réir ag coinníollacha áirithe.

Bainistiú Forbraíochta

Leanadh leis an titim i líon na bhforbairtí, agus bhí laghdú de chóir a bheith 20% ar líon na n-iarratas pleanála don bhliain 2009. Fuarthas 2,234 iarratas san iomlán agus ba é 89.43% an ráta foriomlán ceadúcháin. Ba fá choinne forbairtí cónaithe breis agus leathchuid de na hiarratais, ach, go suntasach, níor bhain ach 10% acu seo le forbairtí iltithíochta (dhá theaghais nó níos mó), rud a bhí ag teacht leis an phatrún náisiúnta ina bhfuil cúlú ar siúl i margadh na tithíochta. Bhí 212 iarratas tráchtála agus tionsclaíochta ar an iomlán, agus bhí 17 n-iarratas ar fheirmeacha gaoithe. I rith na bliana, rinneadh 62 achomharc, rud ab ionann agus 3.45% de na cinntí a rinneadh.

Tá cuid mhór acmhainní á gcur isteach i gcúrsaí forfheidhmiúcháin le go réiteofaí réimse leathan ceisteanna a eascraíonn as forbairtí neamhúdairithe. Taispeántar i bhFigiúr 1 thíos an líon cásanna úra d'fhorbairtí neamhúdairithe atá ag teacht isteach in aghaidh na bliana le roinnt blianta anuas. Léirítear i dTábla A an leibhéal ard gníomhaíochta atá ar siúl i rith an ama, ina measc níos mó gníomhaíochtaí i dtaca le Fógraí Forfheidhmiúcháin agus Imeachtaí Cúirte.

Figiúr 1: Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin Cásanna Nua 2000-2010



Tábla A Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin - 2010

Bliain	2006	2007	2008	2009	2010
Cásanna Faighte	407	657	785	531	402
Litreacha Rabhaidh Eisithe	205	316	390	357	135
Fógraí Forfheidhmithe eisithe	21	20	68	81	41
Líon Cásanna ina n-ábhar d'Urghairí	10	11	8	7	10
Líon cásanna ina n-ábhar d'Ionchúisimh Cúirte Dúiche			14	24	36
Cásanna Druidte	19	108	225	297	161

Le linn 2010, bhunaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil Foireann um Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe le dul i ngleic leis an fhadhb shuntasach a bhí ann i dtaca le forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe go náisiúnta agus le cur chuige comhsheasmhach agus comhordaithe a bhaint amach ar fud na tíre.

Rinne an Roinn suirbhé náisiúnta ar fhorbairtí tithíochta neamhchríochnaithe agus d'aithin siad 133 forbairt tithíochta istigh sa chontae. Tá Bainistiú Forbraíochta freagrach as comhordú agus bainistiú a dhéanamh ar an obair a bhaineann le plean an Rialtais chun forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe a réiteach.

An Lár-Aonad Pleanála

Cé gur cuireadh béim i rith na bliana ar an obair ullmhúcháin, shuirbhéireachta agus anailíse a bhí riachtanach le tús a chur leis an athbhreithniú ar an Phlean Forbartha Contae, leanadh de bheith ag seachadadh tionscadail um Oidhreacht Ailtireachta, comhoibriú trasteorann agus feidhm shuntasach comhairleach i dtaca le ceisteanna beartais.

Athbhreithniú ar an Phlean Forbartha Contae 2006-2012

Bhí sraith imeachtaí comhairliúcháin phoiblí ar fud an chontae mar chuid de na comhairliúcháin réamhdhréachtaithe. Bhí na hionchuir seo, agus na haighneachtaí ó réimse gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara, mar bhonn ag an Tuairisc Bhainisteora ina dhiaidh sin, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ag deireadh na bliana agus a bheas mar dhúthshraith ar a n-ullmhófar an Dréachtplean é féin.

Plean Forbartha Baile & Purláin Leitir Ceanainn

Rinneadh obair ar dhá réimse shuntasacha. Ullmhaíodh dréacht-threoir le haghaidh dearadh don chomharsanacht chun cur leis na sainriachtanais bheartais i dtaca le forbairt chomharsanachtaí an bhaile san am atá le teacht. Beidh an obair seo ina cuidiú i dtaca le forbairt fhorásach agus chomhtháite an bhaile san am atá romhainn. Is é an dara réimse oibre a bhí ann ná Dréacht-Leasú a ullmhú do Phlean Forbartha Baile agus Purláin Leitir Ceanainn 2009-2015 le soláthar do thogra gréasán bóthair, a bhfuil tábhacht straitéiseach bainte leis, ar an taobh thiar den bhaile. Glacadh leis an leasú i mí Mheithimh 2010.

Comhoibriú Trasteorann

Bhí an Lár-Aonad Pleanála gníomhach i roinnt fóram trasteorann i rith na bliana, ag cinntiú go raibh comhoibriú ann ar thionscadail shuntasacha a chuideoidh le tosaíochtaí na Comhairle a chur go láidir ar an chlár oibre réigiúnach, eacnamaíochta agus forbraíochta.

Caomhnú Ailtireachta

D'éirigh le 11 togra maoiniú a fháil faoin Scéim Deontais Chaomhantais.

Tá ról luachmhar comhairleach ag an Ailtire Caomhantais, a threoraíonn tograí infheistíochta, idir phoiblí agus phríobháideach, i rith na bliana.

An Ciste Um Fhorbairt Eacnamaíochta

Soláthraíodh €6.3 mhilliún faoin Chiste um Fhorbairt Eacnamaíochta le cuidiú le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta an chontae. Samplaí de na cineálacha tionscadal ar soláthraíodh dóibh faoin chiste:

Máistirphlean Shrath an Urláir

Is é atá i gceist leis seo ná Páirc Traenála Ilchuspóireach a sholáthar, chomh maith le hIonad Fiontraíochta/Spás Pobail agus limistéar Pláis. Tá maoiniú €300,000 curtha sa Chiste le hIonad Fiontraíochta a thógáil.

Ionad Traenála Athnuaiteán - Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Soláthraíodh €100,000 don Ionad Traenála Athnuaiteán úr in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn.

Talamh agus Foirgnimh a Shealbhú ó GFT Éireann

Tá comhaontú forbartha idir GFT Éireann agus Chomhairle Contae Dhún na nGall, ina bhfuil talamh agus foirgnimh sealbhaithe ag an Chomhairle in áiteanna éagsúla ar rud an chontae, le gur féidir an mhaoin a chur ar fáil ar mhaithe le húsáidí níos leithne tráchtála

agus le fiontraíocht áitiúil agus phobail a éascú laistigh den chontae.

Shealbhaigh an Chomhairle thart fá 20 acra, chomh maith leis an tSráidbhaile Ceardaíochta, Baile Dhún na nGall, ina bhfuil 8 n-aonad, agus 3 aonad eile in Eastát Tionsclaíochta Phort na Sonn, Béal Átha Seanaidh.

Seo a leanas na háiteanna inar sealbhaíodh na tailte:

- An Lorgain Bhuí, Baile Dhún na nGall
- An Charraig Bhuí, Béal Átha Seanaidh
- Lios Feannáin, Bun Cranncha
- Baile na nGallóglach

Táillí Forbraíochta / Scéim Ranníocaíochta Forbartha

Ath-infheistítear an t-airgead a fhaightear ó tháillí forbraíochta ar ais i seirbhísí. Seo a leanas mar a oibrítear an Scéim:

Fuair tionscadail éagsúla sna réimsí seo a leanas maoiniú ón scéim; Bóithre, Seirbhísí Sláintíochta, Muirí, Pobal agus Cultúr agus Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhaile. Infheistíodh €2,581,322 i 2010. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoin scéim ag www.ccdhunnangall.ie



Táille Forbraíochta/Ranníocaíochtaí ó Scéim na Ranníocaíochtaí Forbartha a aistriú chuig Seirbhísí 2010:

Stiúrthóireacht

Uisce, Timpeallacht & Seirbhísí Éigeandála	-
Bóithre & Muirí	291,236
Pobal, Cultúr & Pleanáil	1,797,686
Iomlán:	2,088,922

Táillí Forbartha (a toibhíodh faoin Scéim Réamh-DCS)

Bóithre	145,170
Uisce, Timpeallacht & Seirbhísí Éigeandála	-
Pobal, Cultúr & Pleanáil	347,230
Iomlán:	492,400

Glan-Aistrithe €2,581,322

Scéim Ranníocaíochta Forbartha €

Fáltais 2010	2,543,455
Iarmhéid ar an 31.12.10	5,388,531
Lúide Pleananna Íocaíochta Reatha	1,959,050
Tlarmhéid Iomlán ar an 31.12.10	€3,429,481

Athnuachan Uirbeach Agus Sráidbhaile

Cuireadh roinnt tionscadal uirbeach agus sráidbhaile i gcrích. Maoinítear na tionscadail seo le hairgead a bhailítear faoin Scéim Ranníocaíochta Forbartha agus ó réimse leathan foinsí seachtracha.

I rith 2010, cuireadh na tionscadail seo a leanas chun cinn:

- **Carrchlós (Céim I) agus Scéim Feabhsúcháin Timpeallachta (Céim II) Bhaile na nGallóglach**

Seoladh an tionscadal seo ar an 12 Bealtaine 2010. Is infheistíocht €1.3 mhilliún é an tionscadal seo in athnuachan uirbeach i mBaile na nGallóglach.

- **Tionscadal 'Cúirt Scidilí' Thairseach Leitir Ceanainn**

I ndiaidh gur cuireadh iarratas chuig Groundworks NI, d'éirigh le Comhairle Contae Dhún na nGall, i gcompháirt le Comhairle Baile Leitir Ceanainn agus Bailte Slachtmhara Leitir Ceanainn, maoiniú £50,000 a fháil leis an tsean-charrchlós ag an Chúirt Scidilí i Leitir Ceanainn a fheabhsú agus a athfhorbairt. Tá an tionscadal seo curtha i gcrích.

- **Na Cealla Beaga**

Cuireadh an tionscadal Athnuachan Uirbeach ar an Phríomhshráid i gcrích agus seoladh é i mí Mheithimh 2010. Is é atá i gceist leis seirbhísí a chur faoi thalamh, soilsiú maisiúil sráide a sholáthar, troscán sráide, cosáin a sholáthar, chomh maith le spásanna

sainithe páirceála agus oibreacha tírdhreacha. Is infheistíocht €450,000 é an tionscadal seo in athnuachan uirbeach sna Cealla Beaga.

- **Urthrá an Chlocháin Léith: Céim I**

Cuireadh tús leis an tionscadal seo i 2009 agus críochnaíodh é i 2010. Is é atá ann carrchlós a thógáil, ar a bhfuil 157 spás chomh maith le tírdhreachú, troscán sráide agus soilsíú, seirbhísí a chur faoi thalamh agus sráid úr a fhorbairt idir an carrchlós agus Bóthar na Cé / Bóthar an Mhachaire. Is infheistíocht de bhreis agus €750,000 é an tionscadal seo in athnuachan uirbeach ar an Chlochán Liath.

- **Bóthar Rochtana Chnoc na Bearice**

Is é atá sa tionscadal seo bóthar rochtana a thógáil chun tailte de chuid na Comhairle a oscailt le cuidiú le páirc baile a fhorbairt, tionscnaimh forbartha eacnamaíochta a spreagadh agus tacú le bonneagar pobail. Cuireadh an tionscadal i gcrích i 2010. Is ionann é agus infheistíocht de thuairim is €775,000 in athnuachan i gCarn Domhnach.

- **Tionscadal Phaiteagó / Thulaigh Uí Thiomáin / An Tearmainn faoi PEACE III**

Go mall i 2009, chomhairligh Foras Chláir Speisialta an AE gur ceadáíodh maoiniú €8.3 milliún ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa de chuid an Aontais Eorpaigh tríd an Chlár PEACE III le Tionscadal Phaiteagó / Thulaigh Uí Thiomáin / An Tearmainn a chur i bhfeidhm. Tá roinnt réimsí idirnasctha ag Tionscadal an Tearmainn, a bheas curtha i gcrích ina iomláine faoi 2013, mar atá:

Nascfaidh **Tionscadal Abhainn an Tearmainn** na sráidbhailte trí pháirc cois abhainn a fhorbairt taobh le hAbhainn an Tearmainn ón leataobh / ionad picnice i dTulaigh Uí Thiomáin go dtí ionad picnice éadan le habhainn i bPaiteagó, agus droichead coise ag dul thar an abhainn.

Is é atá i gceist leis an **Chroí-Tionscadal** athfhorbairt iomlán ar shuíomh an ionaid phobail i bPaiteagó le

réimse leathan áiseanna úra a sholáthar, ar a n-áirítear:

- Ionad úr ilchuspóra 'Ionad an Tearmainn' a éascóidh spóirt laistigh, comhdhálacha / cruinnithe móra, léirithe drámaíochta agus ceolchoirmeacha, oifigí ADoPT, srl.
- Láthair ilúsáide lasmuigh fá choinne cluichí (LILC)
- Naiscoil úr le clós súgartha príobháideach daingean
- Clós súgartha úr poiblí agus garraí pobail
- Spás athchúrsála, carrchlós agus tolláin ghortóireachta

Déanfar athchóiriú fosta ar an Halla Modhach i dTulaigh Uí Thiomáin, lena úsáid mar Chaifé Óige.

Mar chuid den **Tionscadal Feabhsúcháin Timpeallachta** déanfar oibreacha athnuachana nuair is gá, ar a n-áirítear cosáin úra, seirbhísí a chur faoi thalamh, troscán maisiúil sráide, feabhsúcháin amhairc ar an abhainn agus soilsíú aníos ar na droichid, srl.

Is é a bheas i gceist leis an Tionscadal Oidhreachta Ailtreachta ná scéim a sholáthar leis an bhaile mór a phéinteáil (le péinteáil foirgneamh sna sráidbhailte a dhreasú).

Is é atá sa Phlean do Phobal ar Obair ná clár gníomhaíochtaí pobail mar chuid lárnach den tionscadal infrastruchtúrtha atá beartaithe lena chinntiú gur spásanna roinnte poiblí a bheas sna háiseanna úra, le go mbainfidh gach pobal taitneamh astu. Is é ADoPT a sheachadfaidh an Plean do Phobal ar Obair i measc an phobail.

- **Tionscadal Athnuachana Uirbí agus Sráidbhaile Leifir / an tSraitha Báin (Grúpa Réigiúnach Trasteorann an Iarthuaiscirt)**

Ceadáíodh an tionscadal seo i mí Mhárta 2010 ar chostas €1m agus tá sé á chur chun cinn faoi láthair. Féachann an t-iarratas seo le feabhas a chur ar chreatlach aeistéitiúil agus ar shaol poiblí Leifir & an tSraitha Báin tríd na rudaí seo a leanas a sholáthar; carrpháirceáil, tírdhreachú, cosáin i Leifear agus pábháil, comharthaíocht, troscán

sráide, ealaín phoiblí, gnéithe soilsithe, múrphictiúir agus fógraíocht líneach chuaille ar Shráid an Iarnróid, An Srath Bán.

- **Iarratas 'Athmhuintearas tríd an Abhainn' chuig an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn**

Cuireadh iarratas isteach chuig an Chiste agus ceadaíodh é i mí Mhárta 2010, rud a ligeann dúinn Sraith 2 agus 3 den Tionscadal um Athmhuintearas tríd an Abhantrach a sheachadadh. Tabharfaidh sé seo guth do dhaoine óga agus don phobal i gcoitinne sna cinní i dtaca leis an tionscadal caipitil agus cuideoidh sé le bainistiú fadtéarmach an spáis phoiblí chomhroinnte san am atá romhainn. Tá méid iomlán €1,004,887.50 de mhaoiniú ceadaithe ag an CIÉ.

Iarratais ar Mhaoiniú maidir le hAthnuachan agus Athbheochan Uirbeach & Sráidbhaile

Le blianta beaga anuas, d'fhorbair sé réimse leathan cineálacha iarratas. D'éirigh le cuid acu maoiniú ar fháil ar na mallaibh, agus tá roinnt eile ag fanacht ar chinneadh.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar Scéimeanna críochnaithe agus ar Scéimeanna reatha ó shuíomh idirlín na Comhairle www.ccdhunnangall.ie faoin Rannóg Pleanála agus Forbairt Eacnamaíochta.

CBS um Phleanáil & Forbairt Eacnamaíochta

I measc na gceisteanna ar pléadh leo bhí:

- Teoracha Réigiúnacha na Teorann
- Athbhreithniú ar an Phlean Forbartha Contae
- An Turasóireacht mar Acmhainn Eacnamaíochta do Chontae Dhún na nGall
- Fuinneamh In-athnuaite i nDún na nGall - Toirbhirt leis an Dr. Seán Ó Deoráin ITLC

Ballraíocht

Comhairleoirí

An Clr. Ciarán Ó Brógáin (Cathaoirleach)
An Clr. Ian Mac Gairbheith
An Clr. Daithí Alcorn
An Clr. Séamus Ó Domhnaill
An Clr. Bréanainn Ó Beirne
An Clr. Séamus Ó hAirt
An Clr. Bernard Mac Aonghusa
An Clr. Marie Therese Ní Ghallchóir
An Clr. Seán Ó Riain
An Clr. Proinsias Mac Briartaigh
An Clr. Seán Ó Baoill
An Clr. Toirealach Ó Sluaigh
An Clr. Cathal Mac Conaill Óig (tháinig an Clr. Pól Ó Cainnín)
Clr. E Bairéid, Comhairle Baile

Earnálach

Éamonn Mac Stiofáin
Eddie Mag Eiteagáin
James Trearty
Eoin Doyle
Séamus Mac Ruairí
Louis McGee



Pobal, Cultúr & Fiontraíocht



I measc na bhfreagrachtaí tá:

- Bainistiú Ciste (Inmheánach agus Seachtrach - an tAonad AE san áireamh)
- Gréasáin Trasteorann
- Bord Forbartha Contae / Forbairt Beartais Straitéisigh
- An tAonad um Chuimsiú Sóisialta
- Forbairt Phobail
- Tacaíocht Forbartha / Forbairt Acmhainní Áitiúla
- Forbairt Súgartha, Caithimh Aimsire agus Taitneamhachta
- Taighde & Beartas
- Forbairt Turasóireachta / Acmhainní Nádurtha

Cistí Forbartha

Sparánacht Spóirt

Tosaíodh an ciste seo le tacaíocht airgeadúil a sholáthar do réimse leathan spóirt. Leithdháilfear an t-iarhmhéid carntha faoin Chlár Sparánachta (2008-2011) sa bhliain 2011.

Scéim Do Mhaoiniú Forbartha

Leithdháileadh €540,000 ar 50 tionscadal/ eagraíocht thar réimse leathan gníomhaíochtaí ar fud an chontae.

Ciste Forbraíochta Comhaltáí

Rinneadh 548 leithdháileadh ar thionscadail éagsúla pobail i 2010.

Ciste Forbartha Turasóireachta

Tugadh maoiniú do thionscadail éagsúla turasóireachta. Ina measc bhí post d'Oifigeach Acmhainní Áitiúla, leithdháileadh ar Thurasóireacht Dhún na nGall Teo., agus ciste beag do gach Toghcheantar (€7k) le go mbeifí in ann maoiniú seachtrach a fháil.

An tAonad um Chuimsiú Sóisialta

Bunaíodh an tAonad um Chuimsiú Sóisialta i mí Mheithimh 2008 le dul i ngleic leis an eisiámh shóisialta agus leis an bhochtaineacht sa chontae trí feasacht a spreagadh i measc seirbhísí Comhairle agus trí bheith ag obair

le gníomhaireachtaí eile le tabhairt faoi na riachtanais seo. Tá an tAonad freagrach fosta as Plean Gníomhaíochta PEACE III Dhún na nGall a chur i bhfeidhm.

I measc na n-imeachtaí a óstáladh i rith na bliana bhí 'Bí do ghuth agat' (i gcomhar leis an Fhóram Pobail Contae) arb aidhm leis a chinntiú go mbeadh deis acu siúd i bpobail imeallaithe agus i bpobail mhionlaigh guth a bheith acu san athbhreithniú ar an Phlean Forbartha Contae. Bhí an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta i nDeireadh Fómhair 2010 mar chuid d'iarrachtaí náisiúnta 2010 a shonrú mar an Bhliain Eorpach chun an Bhochtaineacht agus an tEisiámh Sóisialta a Chomhrac.

Seoladh An Phleanáil don Chuimsiú, Áis Staitisticíúil agus Léarscáilithe, i mí Mhárta 2010 agus cuireann sé áis úsáideach ar fáil do ghníomhaireachtaí agus d'eagraíochtaí chun seirbhísí a phleanáil don chontae.

Forbairt Phobail

Leanann an Chomhairle de bheith ag soláthar réimse tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach sa chontae, ina measc:

- ag tacú le hobair Fhóram Pobail Contae Dhún na nGall,
- Nuachtlitir Phobal Dhún na nGall a dháileadh gach mí,
- 'Áis Oibre' a chur ar fáil do choistí pobail,
- leathanach idirlín tiomanta d'fhorbairt phobail a chur ar fáil ar shuíomh idirlín na Comhairle
- tosaíodh ar an scéim gradam Mórtas Ceantair a chur i bhfeidhm
- an tionscadal Bí Sábháilte & Bí Te a éascú
- An Clár um Ghnóthachtáil Óige Éireann a riar

Plean Gníomhaíochta Peace III Dhún na nGall

Tá breis agus 60 eagraíocht páirteach i seachadadh thionscadail PEACE III faoi Chlár Gníomhaíochta PEACE III Dhún na nGall. Tá buiséad iomlán €4,737,600 acu, agus is í Rúnaíocht PEACE III Chomhairle Contae Dhún na nGall a mhaoirsíonn agus a riarann an clár.

I 2010 rinneadh dul chun cinn ar Chéim 2 de Phlean Gníomhaíochta PEACE III Dhún na

nGall 2011 - 2013. Ghnóthaigh an plean seo €4.5 mhilliún sa bhreis don chontae do na trí bliana amach romhainn.

Tionscadail Peace III Dhún na nGall

Meas ar Phobail & Pobail a Nascadh

Féachann an tionscadal seo le caidrimh dhearfacha a chothú idir an Lucht Siúil agus an pobal socraithe i nDún na nGall. I measc na bpríomh-rudaí a baineadh amach i rith na bliana tá:

- Creatlach idirghníomhaireachta a fhorbairt le tabhairt faoin choimhlint a bhíonn ann idir an Lucht Siúil agus an pobal socraithe
- Reachtáladh breis agus 10 n-imeacht, ina raibh tuairim is 600 duine páirteach, le deiseanna a thabhairt don dá phobal bheith i dteagmháil níos mó lena chéile
- Feachtas meáin chumarsáide le haitheantas agus feachtas a chothú i dtaca le cultúr an Luchta Shiúil.

Tionscadal um Chaidrimh Mhaithe

Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm an Scéim Neamhspleách agus Rúnda chun Eachtraí a Thuairisciú le deis a thabhairt do dhaoine aon eachtra chiníoch nó sheicteach a dhéantar ina gcoinne nó a tchí siad, a thuairisciú. Tugtar tacaíocht seirbhíse fosta do ghníomhaireachtaí le go mbeadh teacht go furasta ag mionlaigh eitneacha ar eolas agus ar sheirbhísí.

Tionscadal 'Dún na nGall Amháin'

D'fhorbair an tionscadal seo 'Branda an Aon Dún na nGall Amháin', rud a chuireann teachtaireacht láidir in iúl ó Chomhpháirtíocht Síochána agus Athmhuintearais an BFC i dtaca leis an tseicteachas agus leis an chiníochas. Bhí breis agus 100 imeacht ar siúl i rith Mhí na hÉagsúlachta Cultúrtha de chuid Dhún na nGall Amháin, le cláracha agus gníomhaíochtaí arb aidhm leo dul i ngleic leis an chiníochas agus leis an tseicteachas a chur ar taispeáint, agus leis an éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn.

Ionad Acmhainní Idirchultúrtha 'Port na Fáilte'

Tá Port na Fáilte, ionad acmhainní

idirchultúrtha i Leitir Ceanainn, ina ionad lárnach den chéad scoth do phobail mhionlaigh sa chontae. I measc na ndaichead tionscadal i 2010 bhí:

- Oícheanta Eolais Míósúla ar réimse ábhar
- Clár oiliúna idirchultúrtha
- Laethanta / imeachtaí éagsúla gníomhaíochta m.s. 'Lá Bunreachtá' do Phobal na Polainne, cóisir imeasctha ar thrá an Mhachaire
- Ranganna Béarla
- Rannpháirtíocht i gcuid mhór féilte ar fud an chontae.



Comhairle Óige Dhún na nGall

Is comhairle atá tofa go daonlathach í An Chomhairle Óige agus déanann sí ionadaíocht ar dhaoine óga sa chontae. Chuir 56 a n-ainm chun tosaigh le bheith tofa agus bhí na toghcháin ar siúl i scoileanna agus in ionaid óige ar fud an chontae.

Tionscadal eile i measc an iliomad tionscadal a rinneadh i rith na bliana ná Tionscadal Téite Croí i gcoinne an Téimh Dhomhanda. Is é a bhí i gceist leis seo baill den Chomhairle Óige ag obair le daoine óga san Iorua lena suim sa timpeallacht a spreagadh. Bhí comhoibriú idir an dá ghrúpa ar thionscadal leis an timpeallacht a chosaint agus leis an daonlathas óige a fheabhsú.

An tAonad um Beartas Straitéiseach (ABS)

I measc na hoibre a rinneadh i rith na bliana bhí:

- tacaíocht fheidhmiúcháin agus riaracháin a sholáthar don Bhord Forbartha Contae



- Lá Forbartha Straitéisí a óstáil i mí na Bealtaine 2010 ina raibh breis agus 76 duine ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha páirteach
- forbairt réigiúnach agus cur chuige comhordaithe a chothú i dtaca le cúrsaí pleanála i gcomhthéacs na Comhairle agus an BFC. I mí Dheireadh Fómhair 2010, bunaíodh Bord Comhpháirtíochta trasteorann an Iarthuaiscirt (BCI) agus tagann a bhail ó Bhord Forbartha Contae Dhún na nGall (BFC) agus ó Bhord Straitéise Dhoire. D'aidhm aige feidhmiú mar mheicníocht chun forbairt Thairseach Leitir Ceanainn / Dhoire a chur chun cinn, agus cur chuige comhordaitheach a éascú ina leith. Féachann sé le haidhmeanna Thionscadal Tairsigh an Iarthuaiscirt a bhaint amach fosta.
- páirteach i roinnt aighneachtaí i dtaca le beartas áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, ar a n-áirítear an Máistirphlean Straitéiseach Abhantraí do Dhoire, Plean Athnuachan Dhoire, agus Fochoiste Forbartha Eacnamaíochta an RCORÁ / an BFC
- an ríomhírís 'Dún na nGall - pobail i dteagmháil' a chur le chéile, agus a scaiptear thart ar an Diaspóra ar fud an domhain (tuairim is 15,000). Tá na ríomhírísí ar fáil le híoslódáil ag <http://www.donegalcdb.ie/publications>

Bord Forbartha Contae Dhún na nGall (BFC)

Bhí cúig chruinniú ag an BFC i 2010. Leanann sé de bheith ag cur chun cinn fhorbairt

shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta an Chontae chomh maith le cuspóirí An Straitéis a chur i bhfeidhm. Bhí tionscnaimh ar siúl i 2010 sna réimsí seo a leanas:

- Páipéir Earnálacha Phróifíl an Chontae - An Geilleagar, An Turasóireacht agus Acmhainní Nádúrtha
- Príomhbhonneagar Eacnamaíochta sa chontae a léarscáiliú
- Teileachumarsaídí a fhorbairt i nDún na nGall agus san Iarthuaisceart
- An Clár Forbartha Pobail a chomhtháthú leis na Comhlachtaí Forbartha Áitiúla
- Deiseanna Foghlaim ó Thairbhí i mBostún, Fómhar 2010: Seirbhísí a sheachadadh chuig Pobail Illeitneacha
- Léargas ar Fhorbairt na Turasóireachta i nDún na nGall
- Thacaigh le Tograí Fostaíochta sa chontae
- An Todhchaí a Chur i bhFeidhm - Ag Dul i nGleic le Dúshlán na Dífhostaíochta i nDún na nGall
- Déanta i nDún na nGall - Féile Ealaíne an Earagail
- Cur chuige comhtháite i dtaca le forbairt na nOileán amach ón Chósta.

An tAonad um Beartas agus Maoiniú an AE

Bunaíodh an tAonad um Beartas agus Maoiniú an AE i mí Eanáir 2010. Tá dhá phríomhghné le hobair an Aonaid um Beartas agus Maoiniú an AE - Feidhm Riaracháin agus Feidhm Forbartha.

Is é atá san Fheidhm Riaracháin ná a chinntiú go bhfuil an Chomhairle ag comhlíonadh gach freagracht airgeadais agus riaracháin a bhaineann le maoiniú a fhaightear faoi INTERREG IVA, IVB agus na clárachach ábhartha Peace III. Tá sé ina ionad teagmhála fá choinne fiosrúcháin ó oifigigh thionscadail / ó bhainisteoirí líne ar na riachtanais a bhaineann le cláracha maoinithe de chuid an AE. Cuireann sé ábhair oiliúna ar fáil fosta d'oifigigh thionscadail chun seisiúin oiliúna a chomhordú agus chun ábhar acmhainne a ullmhú le scaipeadh ar pháirtneirí tionscadail. I 2010, cuireadh tacaíocht ar fáil do roinnt tionscadal a maoiníodh faoi Interreg IVA

- Mná isteach sa tSaol Phoiblí (€898k);
- Seol Siar (€7.4m);
- Diúilicín Péarla Fionnuisce (€2.2m)
- Spásúil (€526k);
- Tionscadal Freagra - Bithscagachán (€220k);
- Gobbins / Sliabh Liag (€1.7m);
- Tionscadal Miondíola Tuaithe (Interreg IVB NPP Eoraip €120k).

Bunaíodh an Fheidhm Forbartha ar bhonn páirtaimseartha i 2010 le deiseanna maoinithe a aimsiú agus le tacú le hiarratais agus iad ag dul trí gach céim den mheasúnú. Tairgtear an tacaíocht seo a leanas:

- Seirbhís Lárnach Eolais
- Céim Cur isteach Iarratas
- Gréasánú & Comhoibriú Trasteorann agus Idir-Réigiúnach
- Céimeanna na Measúnachta agus an Chur i bhFeidhm

An tAonad Taighde & Beartais

I measc na ngníomhaíochtaí i 2010 bhí:

- píosa taighde a chur i gcrích dar teideal 'Ag Cur na Todhchaí i bhFeidhm: Ag Dul i nGleic le Dúshlán na Dífhostaíochta i gContae Dhún na nGall'.
- fuair Ardlua Barr Feabhais ag Gradaim Chomhlachas na hÉireann, Deireadh Fómhair 2010, as a chuid oibre ar 'Phleanáil don Chuimsiú de chuid Bhord Forbartha Contae Dhún na nGall: Áis Staitisticíúil agus

CFGI 2009;

- príomhthacair shonraí a astarraingt agus a eagrú de réir téamaí ar leith pleanála le cur san áireamh mar chuid den 'Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2006-2012'
- bronnadh maoiniú air faoi Théama Comhoibrioch INTERREG IVA le críoch a chur le 'Tionscadal Spásúil an Iarthuaiscirt 2010 - 2013', tionscadal maidir le Pleanáil Spásúil agus Malartú Comhoibrioch Eolais agus Foghlamtha i Réigiún an Iarthuaiscirt
- tacaíocht monatóireachta, measúnachta agus taighde a sholáthar don Mheitheal um Shábháilteacht ar Bhóithre Dhún na nGall agus don Oifigeach Sábháilteachta Bóthair;
- plé le fiosrúcháin staitisticíúla / eolais ón ghnáthphobal

An tSeirbhís Leabharlainne

Leabharlann úr do Ghaoth Dobhair

I mí Iúil, d'fhógair an tAire Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil maoiniú €600,000 do leabharlann úr i nGaoth Dobhair. Uaidh sin amach, tá baill foirne leabharlainne ag obair le hÚdarás na Gaeltachta ar Áislann Ghaoth Dobhair. Bhí an obair thógála chóir a bheith críochnaithe faoi dheireadh na bliana. Is spás nua-aimseartha a bheas sa leabharlann, agus é ar fáil don phobal ar fad, agus beidh sí ar oscailt don phobal i 2011.

Ionad Eolais 'An Eoraip go Díreach', An Lárleabharlann, Leitir Ceanainn

Cuireann An Eoraip go Díreach rochtain ar fáil chuig suíomhanna idirlín agus chuig foilseacháin de chuid Choimisiún na hEorpa, chomh maith le líne ghutháin saor in aisce chuig an Eoraip. I 2010 d'fhreagair an tIonad 102 scairt ghutháin agus 555 ríomhphost, agus pléadh le 2,895 fiosrúcháin pearsanta. Bhí 30 imeacht ar siúl san Ionad (agus 3,000 páirteach iontu) agus ar cheann de na buaicphointí bhí babhta ceannais Dhúshlán an Ardáin Chainte, 'Fuinneamh gaoithe - an bealach chun cinn nó smál ar an tírdhreach? Dúradh gurbh í seo 'an díospóireacht ba mhó freastal sa tír i dtaca le fuinneamh gaoithe'.



Ghlac an buaiteoir páirt sa bhabhta ceannais náisiúnta in Farmleigh, Baile Átha Cliath.

Wainfest

Sheol an Méara, An Clr. Cora Harvey, an 14ú Féile Wainfest de chuid Dhún na nGall sa Lárleabharlann i mí Dheireadh Fómhair. D'fhreastail breis agus 5,100 páiste agus duine óg, le tuismitheoirí agus le múinteoirí, ar 116 imeacht i Leabharlanna agus in ionaid Taobh Tíre. Chomh maith le tallann áitiúil ar nós Joe Brennan agus Sharon Aicken, d'fhill roinnt ealaíontóirí seanbhunaithe ar nós Michael Moylan agus a cheardlanna stairiúla agus eolaíochta agus Niall de Búrca agus a chuid scéalaíochta beo.

Bealtaine

Ceiliúradh 13 bliana d'Fhéile na Bealtaine i nDún na nGall i 2010, féile a chothaíonn an chruthaitheacht i measc daoine níos sine, agus bhí réimse imeachtaí éagsúla ar siúl, ina measc an scéalaíocht, socrú bláthanna, an chuarchníotáil, déanamh scuab, ceol agus amhránaíocht. I measc na tallainne áitiúla cruthaithí bhí Aussie Bryson agus Fergus Cleary. Bhí clár de bhreis agus 87 imeacht i 20 ionad ar siúl i leabharlanna agus in ionaid Taobh Tíre, le breis agus 800 ag freastal. Ar cheann de na himeachtaí ba shuntasáí mar chuid de Bhealtaine, ina raibh 176 páirteach ann, bhí Cé thú féin, do bharúil? - sraith de 4 cheardlann ghinealais sa Lárleabharlann, a réachtáladh i gcompháirt le Cartlannaí na Comhairle agus le hOifig na dTaifead Poiblí i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Seachtain na Gaeilge

Tá cur chun cinn na Gaeilge aibhsithe sa phlean straitéiseach Ceangail Chultúrtha. Réachtáladh Seachtain na Gaeilge idir 8 agus 17 Márta. D'fhreastail 404 duine ar thráth na gceisteanna, ar scéalaíocht agus ar imeachtaí eile. Cuireadh béim ar an stoc Gaeilge agus thug baill foirne leabharlainne cuairt ar Ghaelscoileanna agus a naíonraí.

Roinnt Staitisticí

Bhí 312,018 cuairt ar leabharlanna Dhún na nGall i 2010. Fuair na cuairteoirí seo 351,402 rud ar iasacht. Is méadú 5% é seo ar líon na gcuariteoirí i 2009 agus 12% ar líon na rudaí a fuarthas ar iasacht - in ainneoin go raibh laghdú 16% ar uaireanta oscailte leabharlainne mar gheall ar thitim i líon na mball foirne. Rinne na leabharlanna in achan cheantar 81 taispeántas, agus réachtáil siad 289 imeacht. Thug na leabharlanna cuairteanna agus tacaíocht fosta d'aonaid altranais, do ghrúpaí súgartha agus do scoileanna ar fud an chontae.

Cláracha Forbartha Léitheoireachta Taobh Tíre

Bronnadh maoiniú €10,000 ar Thaobh Tíre faoin chlár Peace III, le dhá chlár um forbairt léitheoireachta a sheachadadh. Rud ar bith le Fógairt? Bhailigh daoine óga (trí Ionad Acmhainne Teaghlach Bhaile Suingean / An Charraigín) scéalta agus cuimhní cinn faoi na Trioblóidí ó dhaoine níos sine, a raibh de thoradh air DVD dar theideal Anything to Declare, a taispeánadh i mí na Samhna.

Seirbhísí TFC i Leabharlanna Dhún na nGall

Rinneadh feabhsúcháin shuntasacha sna háiseanna TFC i leabharlanna Dhún na nGall i 2010, ó cuireadh isteach an córas bainistíochta leabharlainne Horizon i 2009. Giorraíonn an bogearra úr go mór an t-am óna gceannaítear an t-ábhar leabharlainne go dtí an t-am a mbaineann sé seilf na leabharlainne amach, agus go heacnamaíoch, úsáideann sé fógraí ríomphoist agus téacsanna fá choinne rudaí atá thar a n-am nó le háirithintí a dhéanamh. Cuidíonn úsáid teirminéal féin-eisiúna i leabharlanna níos gnoithí le scuaineáil a laghdú, agus cuidíonn córas cuimsitheach tuairiscithe le héifeachtúlacht i mbainistiú stoic.

Fuair Comhairle Contae Dhún na nGall maoiniú i 2010 faoin Scéim Rochtana agus Tacaíochta do Leabharlanna Poiblí le línte i leabharlanna Ghaoth Dobhair, Ráth Bhoth agus Bhaile na nGallóglach a fheabhsú, agus le WIFI poiblí a chur isteach i leabharlanna Leitir Ceanainn, Charn Domhnach, Bhealach Féich agus Bhun Dobhráin.

Lean an tionscadal rathúil de chuid FÁS, mar atá ríomhfhoghlaim @ an leabharlann, ar aghaidh go dtí Céim 3, agus bhí 276 scoláire san iomlán cláraithe ar chúrsaí sna 16 leabharlann agus Ionaid Taobh Tíre.

Dámhlann an Ghleanna

Bhronn Cathal Ó Searcaigh, file agus údar, a ábhar cartlainne uilg ar mhuintir Dhún na nGall i 1999. I measc na n-ábhar bhí a lámhscríbhinní bunaidh agus bailiúchán fairsing pearsanta de leabhair agus de shaothair ealaíne. Tá na leabhair agus na saothair ealaíne á gcoinneáil anois i nDámhlann an Ghleanna, taobh le teach Chathail i Mí an Leá. Is í Comhairle Contae Dhún na nGall a thóg an áis seo, i gcompháirt le HÚdarás na Gaeltachta agus leis an Chomhairle Ealaíon.

Thig le scríbhneoirí, acadóirí agus baill den phobal páirt a ghlacadh i léitheoireachtaí, agus freastal ar imeachtaí ealaíne eile ag an Dámhlann. Rinneadh an oscailt oifigiúil, agus réachtáladh an chéad imeacht, i rith Fhéile an Earagail 2010.

Ealaíona

An 10ú Féile Chuan Dhún na nGall agus na gCruach Gorm

Bhí léiriithe úra le Compántas Balor Rep agus Ciorcal Drámaíochta Dhún na nGall mar chuid den Fhéile. Léiríodh an taobh istigh traidisiúnta de shiopaí san Iarthuaisceart mar chuid de High Shelves agus Long Counters – taispeántas le Heike Theile and Winifred McNulty. Taifeadadh dhá eagrán den chlár de chuid RTÉ Ráidió 1, mar atá Sunday Miscellany, ag Ionad Ealaíne na Mainistreach ar an 10 Deireadh Fómhair agus an 28 Samhain.

Obair úr, Coimisiúin agus Tionscadail Chomhoibríocha

I measc na n-oibreacha ar thacaigh an tSeirbhís Ealaíne leo i rith 2010 bhí Celtic Mela le Grúpa Carnabhail Inis Eoghain do Pharáid Lá Fhéile Pádraig i mBaile Átha Cliath, ina raibh 140 taibheoir ó Inis Eoghain, Leitir Ceanainn agus Bealach Féich. Thionóil Ceoldráma an Iarthuaiscirt foireann den chéad scoth le chéile dá léiriú de La Bohème le Puccini, a bhí ar siúl ar feadh ceithre oíche in Ionad Ealaíne Balor, Bealach Féich agus in Amharclann Thaobh na hAbhann, Doire. Bhí campa samhraidh An Chosáin Ghlais, Cois Fharráige agus bealach dealbhóireachta Loinnir ar siúl i Machaire Rabhartaigh idir 5 - 18 Iúil. Thug beagnach 3,000 duine áitiúil agus turasóir cuairt ar an tsuíomh.

2ú Oíche Chultúrtha

Bhí an Oíche Chultúrtha ar siúl i Leitir Ceanainn agus sa Ghaeltacht ar an 24 Meán Fómhair. Bhí imeachtaí ar siúl in áiteanna éagsúla, ina measc Páirc Baile Leitir Ceanainn, Iarsmalann Contae Dhún na nGall, An tIonad Cultúrtha Réigiúnach, An Lárleabharlann, Amharclann an Ghrianáin agus Port na Fáilte. Taifeadadh breis agus 3,500 cuairt ar áiseanna cultúrtha i Leitir Ceanainn.

22ú Féile Ealaíne an Earagail

Chuir an Fhéile clár de 160 imeacht ar siúl ar fud Thuaisceart agus Iarthar Dhún na nGall. D'fhreastal breis agus 36,500 duine ar imeachtaí - 69% ó Dhún na nGall, 15%



ó Thuaisceart Éireann, 8% ó áiteanna eile i bPoblacht na hÉireann agus 8% ón RA agus ó thíortha eile thar lear (Audiences Northern Ireland Survey, EAF 2010).

Amharclann an Ghrianáin

Thíolaic an Amharclann roinnt léirithe inmheánacha rathúla, ina measc an Scoil Samhraidh Border Crossings, a maoiníodh faoi PEACE III, agus Cónaitheacht Ealaíontóra le Little John Nee. Mheall an amharclann lucht féachana de bhreis agus 30,000 ar thicéad íoctha sa bhliain.

An tIonad Cultúrtha Réigiúnach

Bhí trí thaispeántas mhóra mar chuid den chlár taispeántais i gcomhar leis an Oifig Ealaíne Poiblí. Temperance le hAbigail O'Brien, ag léiriú Mhonarcha Milseán Oatfield; ÍD- Íomhá Dhún na nGall, le cúigear mórghrianghrafadóirí / mór-ealaíontóirí de chuid Dhún na nGall; agus Aimsir Ghalánta, tionscadal cónaitheachta idirnáisiúnta um ealaín agus athrú aeráide, a raibh foirne ealaíne as gach ceann de na cúig Thoghcheantar páirteach ann bhí agus taispeántas agus comhdháil mar bhuaicphointe aige.

I measc na mbuaicphointí eile bh; Noughties But Nice (taispeántas Éireannach á mhaoiniú ag an Chomhairle Ealaíne), Seminal Sixties (Richard Hamilton, pop-ealaín íocónach ó Chomhairle na Breataine) agus Súil Siar Náisiúnta an Luchta Shiúil 1985-2010 (le Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall agus Drumma Gorm).

I measc na dtaispeántas a bhí ceangailte le Dún na nGall bhí - Dún na nGall Tréigthe (coimisiún grianghrafadóireachta le Denzil Browne), Súil na nÓg (14ú bliain de thaispeántas ealaíne an Teastais Shóisearaigh le Cumann Múinteoirí Ealaíne Dhún na nGall),

Críocha na Teorann (tionscadal pobail lionsabhunaithe le North 55) agus Laetha Níos Gile (líniocthaí beoite coimisiúnaithe agus gearrscannán beoite le Daniel McGarrigle).

Bhí Altán agus a Seanchairde, Cór Aireagail na hÉireann, agus Cumann Aireagail Ceoil Dhún na nGall páirteach i gclár na ceolchoirme. Bhí 6 ghig mar chuid d'Fhéile an Earagail a raibh béim láidir Chonallach orthu, mar shampla Kevin Doherty, West Ocean String Quartet, Fídil agus an chéad taibhiú d'Iomradh Theilinn (leis an Iorua agus an Íoslainn).

Craoladh scannáin idirnáisiúnta i gcomhpháirt le Access Cinemas. Bhí féile scannán mar chríoch ag Féile Scannán Óige an Iarthuaiscirt a maoiníodh faoi PEACE III, agus tionscadal idir Dhoire agus Dhún na nGall i gcomhar leis an Nerve Centre agus 6 ghrúpa óige.

Bhí breis agus 100 imeacht ar siúl ar fud an chontae agus thart fán teorainn mar chuid den chlár Eispéiris a Roinnt (i gcomhar le Seirbhísí Cultúrtha na Comhairle Contae, An Gailearaí ar an Fhál Carrach agus eagraíochtaí do dhaoine níos sine).

Bhí clár cuimsitheach ann do pháistí agus do dhaoine óga i gcomhpháirt le Seirbhísí Óige Dhún na nGall, Cothú Sláinte an FSS, Seirbhísí Cultúrtha na Comhairle Contae agus eagraíochtaí eile, agus an 13ú Wainfest bliantúil san áireamh chomh maith. Bhí ról suntasach ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach fosta i Mí na hÉagsúlachta Cultúrtha de chuid Dún na nGall Amháin i mí na Samhna.

Ealaín Phoiblí

Bhí samplaí ann de choimisiúin úra i 2010, ina measc Cónaitheacht Altáin i gcomhpháirt leis an Ionad Cultúrtha Réigiúnach, áit a ndearna Altán ceardlanna, ranganna máistreachta agus ceolchoirm iontach. Bhí an Coimisiún do Leabhair Phictiúr i Srath an Urláir - Bealach

Féich le Compántas Redmoon ó Chicago bunaithe ar an téama Frances Browne, an 'file dall de bhunadh Shrath an Urláir', agus a leabhar clúiteach de scéalta sí do pháistí, Granny's Wonderful Chair a bhí ina imeacht oscailte d'Fhéile Ealaíne an Earagail.

Bhí de chuspóir ag Íomháú Dhún na nGall go dtabharfadh na 5 ealaíontóir ghrianghrafadóireachta faoi ghné éigin de Thoghcheantar ar leith a thaighde le saothair ghrianghrafadóireachta a chruthú a léireodh an saol i nDún na nGall. Osclaíodh an taispeántas san Ionad Cultúrtha Réigiúnach mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail agus ansin tugadh é ar camchuart thart ar na Toghcheantair éagsúla i rith an fhómhair.

Bhí Aimsir Ghalánta ar an Tionscadal Ealaíne Poiblí is uailmhianaí a rinne an Oifig Ealaíne Poiblí go dtí seo, tionscadal ar cuireadh bailchríoch air i 2010 le mórthaispeántas agus comhdháil. I ndiaidh trí bliana de chomhoibriú leis an Ionad Cultúrtha Réigiúnach agus le Fondúireacht Ealaíne & Eolaíochta Leonardo / OLATS, scrúdaigh na cúig ealaíontóir choimisiúnaithe na dóigheanna éagsúla a bhféadfadh ealaíontóirí bheith páirteach sa díospóireacht ar an athrú aeráide.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar na tionscadail Ealaíne Poiblí ar fad ag www.donegalpublicart.ie.

Iarsmalann Contae Dhún na nGall

Clár Taispeántas

Reachtáil an Iarsmalann clár éagsúil taispeántas mar seo a leanas:

- An taispeántas iarnróid All Change agus seimineár dar teideal Iarnróid Dhún na nGall - A Stair agus a dToghcháil?
- Cracking the Code ar iasacht ó Ionad Oidhreachta an Somme
- Fighting for Dignity i gcomhar leis an Iontaobhas um Oideachas ar an Uileloscadh,
- Down Memory Lane ar iasacht ó Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann,
- Talamh agus Saoirse - Péintéireacht Dhún na nGall agus Íomháú Dhún na nGall i

gcomhar le Féile Ealaíne an Earagail agus leis an Ionad Cultúrtha Réigiúnach,

- Oidhreachta an Luchta Shiúil le Tionscadal Dhún na nGall don Lucht Siúil
- A World Apart: Gealltann Dúiche Dhún na nGall i gcomhar leis an tSeirbhís Chartlainne agus an FSS.

Tionscadail Iarsmalainne

I measc na dtionscadal agus na n-imeachtaí bhí:

- sraith d'imeachtaí beo staire maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt
- seoladh trí leabhrán ar an Phlandáil i gcomhar le Seirbhís Iarsmalainne Chomhairle Cathrach Dhoire agus an Oifig Oidhreachta, Comhairle Contae Dhún na nGall
- Tionscadal trasphobail dar teideal An Plandálaí agus an Gael i gcomhar le Seirbhís Iarsmalainne Chomhairle Cathrach Dhoire agus an Nerve Centre.

Cónaitheacht Ealaíontóirí The Edge of the Sea leis an Iorua agus An Íoslainn i gcomhar leis an Oifig Ealaíne, rud ar cuireadh bailchríoch air le sraith cheoil dar teideal Iomradh Theilinn a chéadléiríodh ar Féile Ealaíne an Earagail, chomh maith le ceardlanna agus taispeántais le Bantracht na Tuaithe.

Taispeántais ar Camchuart

Lean an Iarsmalann de bheith ag tabhairt taispeántas chuig ionaid éagsúla ar fud an chontae - tugadh an taispeántas The Dance of the Fishing Boats go hÁrainn Mhór, óstáladh an taispeántas The Railway i bPáirc Ghort na Darach, Ráth Bhoth, agus bhí Before I Joined the Army ar taispeántas ag Scoil Samhraidh Mhic an Ghoill, na Gleantacha.

An tSeirbhís Chartlainne

Pacáiste Scoile agus Leabhrán i dtaca le Plandáil Uladh

Thosaigh an tSeirbhís Chartlainne ag obair ar an Phacáiste Staidéir Doiciméid i dtaca le Plandáil Uladh. Tá an tionscadal ceaptha le cuidiú le múinteoirí agus iad ag déanamh staidéir ar an tréimhse staire seo, ag baint úsáide as ábhar bunfhoinsé. Tá leabhrán

maisithe ann a thugann eolas ar stair na Plandála agus tá leathanaigh oibre do dhaltá sa phacáiste chomh maith le facsamhlacha d'ábhar cartlainne.

Mhiontuairiscí Cruinnithe Chomhairle Contae Dhún na nGall a Mhcreascannánú agus a Dhigitiú

Shocraigh na Seirbhísí Cartlainne, i gcomhar leis na Seirbhísí Corparáideacha, go ndéanfaí miontuairiscí cartlannaithe de chruinnithe Chomhairle Contae Dhún na nGall ó 1899 go dtí 1980 a mhcreascannánú agus a scanadh. Tá cuid de na miontuairiscí seo curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na Comhairle.

Tionscadail Chartlainne

Fuarthas maoiniú ón Chomhairle Oidhreachta le cur le catalógú bhailiúcháin CLG Dhún na nGall, a bronnadh ar Chartlann an Chontae i 2006.

Cuireadh tús i mí na Samhna 2010 le suirbhé cuimsitheach ar bhailiúcháin ghrianghrafadóireachta maidir le stair agus cultúr Dhún na nGall. Soláthróidh an suirbhé bunachar sonraí mionsonraithe de bhailiúcháin atá á gcoinneáil ar fud an chontae. Tá sé á pháirtmhaoiniú ag an Chomhairle Oidhreachta agus i gcomhpháirt leis an Oifig Oidhreachta.

Taispeántais Chartlainne

Bhí an Taispeántas Camchuarite An Saol úd sa Saol seo ar taispeántas sna hOifigí Cosanta Sibhialta, Srath an Urláir, san Iarsmalann Contae, agus i leabharlanna Leitir Ceanainn agus Bhun Dobhainn.

Bhí dhá thaispeántas ar siúl in Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, mar atá Mná i gCartlanna agus An tEisiamh Sóisialta agus An Bhochtaineacht i nDún na nGall sa 19ú haois.

I rith Fhéile na Bealtaine réachtáil an tSeirbhís Chartlainne, i gcomhpháirt leis an Iarsmalann, sraith seisiún athchuímhne in Ionaid Chúram Lae agus in Otharlanna Pobail ar fud Dhún na nGall.

Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

Sheol Mairéad Ní Mhaonaigh, Altán, bailiúcháin

Oidhreachta Dhún na nGall de thaifid ó bhéal dar teideal Life & Lore i mí Bealtaine. Réachtáil Cumann Oidhreachta Ailtireachta Uladh agus an Oifig Oidhreachta scoil samhraidh ar Scileanna Traidisiúnta Tógála ar Ghabhla i mí Mheithimh, a raibh idir 160-200 duine i láthair ann. Bhí breis agus 70 imeacht ar siúl i rith Sheachtain Oidhreachta ar fud an chontae i mí Lúnasa agus d'fhoilsigh an Oifig Oidhreachta bileog imeachtaí na seachtaine oidhreachta, bileog a mbíonn an-ráchairt uirthi. Mar chuid den Oíche Chultúrtha i mí Mheán Fómhair, ghlac an t-aitire Breandán Ó Gallchoir turas siúil thart ar oidhreachta thógtha Leitir Ceanainn. Thug an Oifig Oidhreachta páirtmhaoiniú fá choinne Lá Feasachta Oidhreachta i dtaca le hIarnróid i mBaile Dhún na nGall, agus Tráthnóna Oidhreachta Seoirseach i Ráth Mealtain. I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus Deireadh Seachtaine Pheadair Uí Dhónaill, d'óstáil siad seoladh staidéir éiceolaíochta ar Inis Fraoigh Uachtair agus Inis Meáin ar an Chlochán Liath, le hÉanna Ní Lamhna (clár Mooney de chuid RTÉ Ráidió 1).

I measc na ngníomhartha de chuid Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ar cuireadh tús leo bhí: staidéar ar mhuilté; suirbhé ar shuíomhanna geolaíochta i ndeisceart Dhún na nGall; iniúchadh ar bhailiúcháin stairiúla ghrianghrafadóireachta; agus leabhrán ar Bhailiúcháin Scol na 30aidí de chuid an Choimisiúin Bhéaloideas. Leanadh leis an obair ar an leabhrán Oidhreachta Feirmeoireachta Dhún na nGall agus ar thionscadal logainmneacha le hOnahÉ - Má Nuad. Choimisiúnaigh an Oifig Oidhreachta tuairiscí caomhnaithe/staide ar Skull House agus ar Chaisleán na Birte, ar dhá shéadchomhartha sheandálaíochta iad. Réachtáil sé, agus d'éascaigh sé, cruinnithe le príomhpháirtithe leasmhara maidir leis an tsuíomh oidhreachta Grianán Ailigh a chur chun cinn. Seoladh an leabhrán Ailtireacht & Tírdhreach na Plandála i mí Feabhra.

Sholáthraigh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall comhairle agus eolas do choistí pobail agus do dhaoine aonaracha ar fud Chontae Dhún na nGall agus thug cuairteanna ar shuíomhanna oidhreachta.



Seirbhísí Corparáideacha



Córas Comhtháite Acmhainní Daonna, Párolla & Aoisliúntais

Tá Dún na nGall i measc trí údarás áitiúil atá freagrach as an Chóras Comhtháite AD, Párolla & Aoisliúntais a phiólótú in Earnáil an Rialtais Áitiúil. Is mórhionscadal é seo agus tá 27 údarás áitiúil tiomanta leis an Chóras seo a chur i bhfeidhm.

Tá dul chun cinn suntasach déanta i dtaca leis na modúil seo a leanas:

- Struchtúr Eagraíochtúil Core
- Tuairisceáin Phearsanra & Roinne Core
- Earcaíocht Core

Tá na modúil seo a leanas le cur i bhfeidhm i 2011.

- Saoire, Am & Freastal Core (Fosaithe Lasmuigh)
- Pá Core

Tá an Córas AD, Párolla & Aoisliúntais á chur i bhfeidhm sa Chomhairle Contae agus sna Comhairlí Baile i Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin.

Oiliúint & Forbairt

I 2010 bhí béim mhór arís ar oiliúint Sláinte & Sábháilteachta agus seachadadh clár cuimsitheach do gach ball foirne lasmuigh sna Seirbhísí Bóithre, Uisce agus Tithíochta. Lena chois sin, forbraíodh Clár ar leith um Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta do gach ball foirne

cléireachais / riaracháin. I measc na n-ábhar a cumhdaíodh sa Chlár seo bhí: Láimhsiú Sábháilte, Ag Plé le Fearg agus Bainistiú Struis.

Fáiltíodh roimh an fhógra i mí Aibreáin go raibh Deontas Roinne á chur ar fáil fá choinne Oiliúint Seirbhísí Uisce agus cuideoidh sin lena chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais oiliúna na mball foirne atá ag obair sa réimse seo. Thacaigh an Chomhairle arís le hoideachas agus forbairt leanúnach na Foirne tríd an Scéim Oideachais Foirne.

Sláinte & Sábháilteacht

Leanadh i rith na bliana de bheith ag neartú Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na Comhairle. Ar an drochuair, bhí méadú beag ar an ráta timpistí intuarascála don bhliain 2010. Bhí lámh nach beag san aimsir shiochta a bhí ann ag tús na bliana sa scéal seo.

Tuairiscíodh 75 eachtra i rith 2010 agus bhí 11 de na heachtraí sin tromchúiseach go leor le go raibh orainn iad a thuairisciú don ÚSS.

Líon iomlán eachtraí a tuairiscíodh do 2010 agus an céatadán a bhí le tuairisciú don ÚSS

	2007	2008	2009	2010
Líon Iomlán Eachtraí	77	89	59	75
Intuairiscithe Intuairiscithe	16	12	7	11

Leas na Foirne

Úsáideann baill foirne ó gach rannóg de chuid na Comhairle Contae seirbhísí an Oifigigh um Leas na Foirne go forleathan.

Eagraíodh roinnt feachtas i rith na bliana le haird a dhíriú ar cheisteanna sláinte ar leith, agus rinne altraí de chuid Quinn Healthcare scagthástáil sláinte ar bhaill foirne.

Tá ag éirí go maith leis an Chlár Cúnamh Fostaí (CCF) atá á sholáthar san am i láthair ag Quinn Healthcare, clár atá tiomanta agus oscailte do chách. Cuireann sé tacaíocht luachmhar agus seirbhís chomhairleoireachta ar fáil d'fhostaithe a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu, mar shampla cúrsaí pósta, caidrimh theaghlaigh, an dúlagar, alcól, mí-úsáid substaintí, airgeadas srl.

Reachtáladh cúrsa réamhscoir i 2010 chomh maith.

Seirbhís Éacúiméineach Chuimhneacháin

Bíonn an tSeirbhís Éacúiméineach Chuimhneacháin ann gach bliain. Bíonn searmanas fleascleagain ann gach bliain ag an Chloch Chuimhneacháin sa Chearnóg, Leifear, áit a leagann an Bainisteoir Contae agus an Méara fleasca i gcuimhne ar chomhairleoirí agus ar bhaill foirne Údarás Áitiúla Dhún na nGall atá ar shlí na fírinne.

Deontais Ardoideachais

Bronnadh deontas ar 1738 scoláire don bhliain acadúil 2010/2011. Is é a bhí i gceist leis seo 697 iarratas úr agus 1041 iarratas athnuachana. I 2010 chonacthas méadú eile ar líon na n-iarratas ar an Deontas Ardoideachais mar gheall ar an chúlú eacnamaíochta. Rinneadh 725 iarratas úr a mheas. Bhí méadú suntasach ar líon na n-iarratas iarchéime agus ar líon na n-iarratas ar athmheasúnú ó scoláirí reatha.

Bíonn tionchar go fóill ag acmhainní laghdaithe foirne ar sheachadadh na Seirbhíse um Dheontas Ardoideachais. Mar sin féin, bhí laghdú ar na moilleanna agus feabhas ar sheachadadh na seirbhíse don phobal i 2010 mar gheall ar dhian-iarrachtaí na mball foirne agus teacht isteach chóras seirbhísí comhroinnte na nDeontas Ardoideachais, a cuireadh i bhfeidhm go mall i 2009. Bhí

moilleanna ar chinntí a eisiúint i gcás roinnt iarratasóirí mar gheall ar dhoiciméid gan bheith comhlánaithe ina n-iomláine agus mar gheall ar mhoilleanna le freagraí ar iarratais fá choinne tuilleadh eolais. Ní raibh moill ar bith ar íocaíochtaí cothabhála chuig scoláirí. Amach anseo, beidh feabhas ar an tseirbhís trí thabhairt isteach na n-iarratas ar líne.

Le bheith i dteideal deontas a fháil, caithfidh iarratasóirí riachtanais na Scéime um Dheontas Ardoideachais a chomhlíonadh. Is é an 31 Lúnasa an spriocdháta le hiarratais a fháil gach bliain.

Deontais Iníoctha sa Bhliain Acadúil 2010/11

(i ndiaidh laghdú 5% i mBuiséad 2010)

	Ráta Neamh-Chóngarach	Ráta Cóngarach
Ráta speisialta cothabhála	6,100	2,445
Ráta Caighdeánach - Lán-Chothabháil - 100%	3,120	1,250
Ráta Caighdeánach - Páirt-Chothabháil - 75%	2,340	940
Ráta Caighdeánach - Páirt-Chothabháil - 50%	1,560	625
Ráta Caighdeánach - Páirt-Chothabháil - 25%	780	315

- Íoctar an Ráta Cóngarach nuair a bhíonn an scoláire ina c(h)ónaí 24km nó níos lú ón Choláiste/Ollscoil a bhfuil sé i gceist aige/aici freastal air.
- Íoctar an Ráta Neamhchóngarach le scoláirí a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh de limistéar 24km.

B'ionann an caiteachas i 2010 agus €6,958,099.76, agus bhíothas in ann an méid iomlán, seachas €7,388 de, a fháil ar ais ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Caithfidh an Chomhairle a n-acmhainní féin a úsáid le híoc as costais foirne, ghutháin, chló agus staiseanóireacht agus as gach costas cúntach eile maidir le riar na ndeontas ardoideachais.

Seirbhís Mótarchánach

Tá mótarcháin agus seirbhísí gaolmhara ar fáil sna hIonaid Seirbhísí Pobail i gCarn Domhnach, Baile na nGallóglach, Leitir Ceanainn, An Clochán Liath agus Baile Dhún na nGall chomh maith le Leifear. Eisíonn gach oifig dioscaí mótarchánach, ceadúnais tiomána, plátaí trádála do thrádálaithe mótaí, srl. Tá seirbhís iomlán ar fáil ó aon cheann de na hionaid, beag beann ar áit chónaithe an chustaiméara.

I rith 2010, phróiseáil Oifigí Mótarchánach Dhún na nGall 184,691 beart admháilte, rud arb ionann agus teacht isteach de bhreis agus €25.97 milliún é. Seo a leanas cuntas ar na bearta:

Ceadúnais Tiomána	24,400
Dioscáí Cánach	126,366
Ceadúnais um Thrádáil Mótarfheithiclí	181
Fáltais & Rudaí Éagsúla	33,744

Mótarcháin Ar An Idirlíon

www.motortax.ie

Ar an tseirbhís mótarchánach ar líne is féidir cáin bhóthair a athnuachan ar charranna príobháideacha, ghluaisrothair, fheithiclí curtha in oiriúint do dhaoine faoi mhíchumas, nó an chéad cháin a dhéanamh i dtaca le

feithiclí úra iomportáile nó feithiclí athlámhe iomportáilte sna haicmí cánach seo a leanas - príobháideach, gluaisrothar, tarracóirí/ tochtóirí talmhaíochta agus feithiclí atá curtha in oiriúint do thiománaithe faoi mhíchumas.

Léirítear sna staitisticí gur úsáid thart fá 22.77% d'úinéirí feithiclé an rogha athnuachana ar líne i gContae Dhún na nGall i 2010, méadú beag ar 21.99% i 2009. Tá Dún na nGall go fóill ar an chontae is lú úsáid i dtaca leis an chóras mótarchánach ar líne, agus is féidir go bhfuil tionchar ag cóngaracht na seirbhísí díláraithe air seo. Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag cur chun cinn úsáid na seirbhíse ar líne.

Córais Faisnéise

Tá cuid mhór blianta d'infheistíocht déanta sa bhonneagar teicneolaíochta atá againn agus leanaimid de bheith á leathnú agus á fheabhsú. Tá úsáid na teicneolaíochta móibíle ag forbairt léi i rith an ama agus úsáideann baill foirne Comhairle, ar nós Maoir Thráchtá agus Oibríthe Fearais, teicneolaíocht mhóibíleach láimhe go laethúil ina gcuid oibre.

Comhoibriú Idirghníomhaireachta

Sna hIonaid Seirbhísí Pobail is féidir leis na hAonaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh gréasán Comhairle a úsáid trí cheangal Idirlín Rialtais na Comhairle. Cothaítear ceangail idirghníomhaireachta shábháilte idir gréasáin na Comhairle agus córais na Roinne Coimirce Sóisialaí. Soláthraítear áiseanna idirlín fosta do



FÁS, don Roinn Coimirce Sóisialaí, d'Aonaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus don Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta i roinnt Ionaid Seirbhísí Pobail ar fud an chontae.

Soláthraítear tacaíocht fosta do chórais ghutháin PABX don Roinn Coimirce Sóisialaí, an FSS, ODBN, SBCA, Aonaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Teagasc agus FÁS.

Straitéis Idirlín agus Suíomhanna Idirlín

Tacaíonn an Chomhairle le roinnt suíomhanna idirlín, ar a n-áirítear www.donegal.ie, www.donegalcoco.ie, www.donegallibraries.ie, www.donegalcdb.ie agus na ceithre shuíomh de chuid na gComhairlí Baile. Cuirtear réimse seirbhísí ríomh-rialtais ar fáil, mar shampla, pleanáil ar líne, agus baintear feidhm as teicneolaíochtaí níos úire ar nós YouTube fosta. Chomh maith leis sin, úsáidtear na deiseanna gréasánaithe sóisialta a sholáthraíonn teicneolaíochtaí úra ar nós Facebook agus Twitter ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh. Tá féilire imeachtaí ann le haird a dhíriú ar imeachtaí sa chontae agus nuashonraítear é go huathoibríoch ó fhoinsí éagsúla.

Párolla agus Aoisliúntas na nAcmhainní Daonna

Cuireadh i bhfeidhm modúil tuairiscithe an chórais Acmhainní Daonna Core, chomh maith le hobair ullmhúcháin chun córas ríomhaireachta Am agus Freastal a chur i bhfeidhm.

Éifeachtúlacht Fuinnimh TFC

Chuir Rannóg na gCórais Faisnéise tús le dhá thogra in 2010 faoina chlár Éifeachtúlacht Fuinnimh TFC - Fíorúlú agus Bainistiú Láraithe Cumhachta.

Fágann an teicneolaíocht fíorúlaithe gur féidir cuid mhór córais oibriúcháin a shuiteáil ar aonfhreastalaí fisiceach. amháin. Laghdaíonn sé seo an méid crua-earraí atá de dhíth le bogearra agus feidhmchláracha na heagraíochta a reáchtáil, agus laghdaíonn sé fosta an méid spáis fhisicigh atá de dhíth ar eagraíocht dá lárionaid sonraí.

Mar thoradh ar an togra seo, tá laghdú ar na costais chothabhála, de bhrí go mbíonn i bhfad níos lú crua-earraí fisiceacha de dhíth. Agus dá bharr sin, cuirtear le héifeachtúlacht

fuinnimh na Comhairle, agus gearrtar siar go mór ar chostais fuinnimh.

Ligeann an córas um Bhainistiú Láraithe Cumhachta dúinn na córais oibriúcháin ar ríomhairí oifige a mhúchadh i ndiaidh gnáthuaireanta oibre.

Córais Faisnéise Geografaí

Bhí ról tábhachtach ag CFG sna rudaí seo a leanas:

- Sócmhainní talún a bhreacadh mar atá léascáilithe de réir teorainneacha fóilió.
- Feidhm Phleanáil Mhór-Éigeandála na Comhairle a fhorbairt.
- Eolas a chur ar fáil don phobal i dtaca le bealtaí griotála an gheimhridh ar an tsuíomh gréasáin
- Eolas ón daonáireamh agus buneolas eile a mhapáil don athbhreithniú ar an Phlean Forbartha Contae.

Úsáideadh teicneolaíochtaí CFG le Soilsiú Poiblí a mhapáil chun a láthair gheografach a cheangal leis na córais a úsáideann Airtricity, an soláthraí leictreachais.

Craoladh Gréasáin

Rinne an Chomhairle podchraoladh beo ar Scoil Samhraidh Mhic Giolla i mí Iúil. Mheall an craoladh gréasáin go leor dea-thuairimí agus mheall sé go leor aird idirnáisiúnta ar an ócáid. Gearrliostaíodh an craoladh gréasáin fá choinne gradaim mar an t-iarratas is fearr Údarás Áitiúil i gClár Ghradam Ríomh-Rialtais an "Public Sector Times".

ERNACT - Tograí na Sochaí Faisnéise

Mar gheall ar a rannpháirtíocht i ngréasán ERNACT (www.ernact.net) ó bunaíodh é in 1990, bhí an Chomhairle páirteach i réimse tograí Eorpacha agus Idir-Réigiúnacha, chomh maith le tograí trasteorann in earnáil na seirbhíse poiblí, i dtaca le teicneolaíocht na Sochaí Faisnéise. Fágann an rannpháirtíocht seo go mbíonn fáil ag an Chomhairle ar mhaoiniú AE fá choinne tograí teicneolaíochta laistigh den Chontae. I rith 2010 ghlac Rannóg na gCórais Faisnéise páirt i dtír cinn de Thograí Eorpacha:

1. Seirbhísí Poiblí Chuar an Atlantaigh (AA-PublicServ)

Úsáidfidh an Chomhairle an togra seo le cur leis an líon seirbhísí ar líne atá aici, le béim ar leith ar chustaiméirí a bhfuil uisce méadaraithe acu chomh maith le bainistiú caidrimh chustaiméara a thabhairt isteach. Rinneadh iniúchadh nuála mar chomhthogra ar fud na réigiún Eorpach atá rannpháirteach, chun féachaint ar chumas TFC le béim ar leith ar an tseirbhís phoiblí. Bhí comhlachtaí áitiúla TFC, taighde agus oideachais páirteach sa chomhthogra seo.

2. Pobail Mhóibíleacha ar an Fhorimeall Thuaidh a Nascadh (CMC@NPP)

Leanadh le hobair ar an tionscadal seo agus cuireadh córas i bhfeidhm chun iarratais ar sheirbhísí trí théacs/SMS, isteach is amach, a láimhseáil. In 2010 úsáideadh an córas ar bhonn trialach le haghaidh cumarsáidí SMS le hiarratasóirí ar Dheontais Ardoideachais agus le Comhairleoirí Contae.

3. Tionscadal Saor-ó-CO2

D'éirigh le gréasán ERNACT maoiniú Interreg 4C a mhealladh don Tionscadal Saor-ó-CO2 in 2010. Diríonn an tionscadal seo ar chomhoibriú TFC chun fuinnimh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a chothú trí dhea-chleachtas a aistriú ó réigiúin éagsúla laistigh den AE.

Leathanbhanda Agus Teileachumarsáidí

Forbraíodh mórtogra tionscadail (Réigiún Cliste) le linn 2010 i gcomhpháirt le Comhairlí Trasteorann an Iarthuaiscirt. Is é an cuspóir atá ag an tionscadal seo maoiniú Inter-Reg 4A a mhealladh chun an leas is mó agus is féidir a bhaint as Tionscadal Kelvin (nascacht dhíreach snáithín d'ardchumas le Meiriceá Thuaidh) do Dhún na nGall.

Costais Na Mball Tofa

Liúntas Bliantúil	€231,311.00
Íocaíocht Ionadaíochta	€484,997.00
Liúntas an Mhéara	€42,760.00
Liúntas an Leas-Mhéara	€10,752.00
Costais Óstaíochta	€7,740.00
Scéim Aisce	€0.00
Cathaoirligh ar Choistí um Beartais Straitéiseacha	€30,000.00
Bord Forbartha Contae - Liúntas na gCathaoirleach	€6,000.00
Costais na mBall ar Choistí, nach Comhairleoirí iad	€2,524.00
Freastal ar Chomhdhálacha (sa bhaile) Taisteal & Cothabháil	€44,784.00
Táillí Comhdhálacha	€14,760.00
Taisteal Thar Lear	€5,036.00
Costais Chumarsáide	€10,396.00
Ranníocaíocht ar Chumainn Ionadaíochta na mBall	€19,275.00
Iomlán	€910,335.00



Airgeadas

Ullmhaíonn an Chomhairle a cuntais bhliantúla (Ráiteas Airgeadais Bliantúil) ar aon dul le prionsabail na cuntasáíochta fabhsaithe agus de réir threoracha agus chaighdeáin na Roinne.

Féachann an Chomhairle le gach gné dá cúrsaí airgeadais a bhainistiú ar mhaithe leis an tairbhe is mó dá custaiméirí. Is é a bhí i gceist leis seo bainistiú docht buiséid ar gach cuntas caipitil agus ioncaim, aird ar leith ar bhainistiú airgead tirim, deontais agus íocaíochtaí a tharraingt as an Rialtas Láir san áireamh, agus na foinsí maoinithe roghnacha/breise seachtracha a mhéadú.

Dá bharr sin, bhí feabhas breise ar ár gCuntas loncaim, mar a raibh laghdú de €188,535 ar

an easnamh carntha go dtí €10,461,709 don bhliain.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar nithe a bhain leis an Chuntas Caipitil ón am atá thart. Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil iasacht fhadtéarmach de €48.6 mhilliún le hiarmhéideanna neamhchistithe den mhéid chéanna a chistiú.

Cuireadh tús le hobair bhreise ar éifeachtúlachtaí in 2010, trí luach níos fearr a fháil de bharr fócas níos géire ar chúrsaí ceannaigh agus soláthair, agus é de chuspóir againn luach níos fearr ar airgead agus inacmhainneacht ghaolmhar a chruthú.

Cuntas loncaim

Nóta - gnáthrialacha slánaithe i bhfeidhm ar fad

Mór-Ghné - Caiteachas	2010 (€m)	Neamh-Shlánaithe (€)
Costais Phárola	65.4	65,362,510
Costais Oibríochta	64.2	64,162,846
Táillí Iasachta	8.3	8,305,805
Costais eile Neamhphá	15.8	15,840,177
Iomlán	153.7	153,671,338

Mór-Ghnéithe - Ioncam	2010 (€m)	Neamh-Shlánaithe (€)
Deontais & Fóirdheontais	49.5	9,534,299
Earraí & Seirbhísí	40.5	40,518,211
Ciste Rialtais Áitiúil	37.9	37,937,426
Rátaí	21.1	21,120,580
Muirear Contae	2.9	2,939,944
Ranníocaíochtaí ó ÚÁ eile	1.8	1,809,413
Iomlán	153.9	153,859,873

Cuntas Caipitil

Nóta - gnáthrialacha slánaithe i bhfeidhm ar fad

Mór-Ghné - Caiteachas	2010 (€m)	Neamh-Shlánaithe (€)
Íocaíochtaí le Conraitheoirí	24.9	24,926,169
Ceannach Talaimh	6.8	6,803,095
Ceannach Sócmhainní/Treslaimh eile	4.5	4,530,816
Táillí Gairmiúla & Comhairliúcháin	5.4	5,390,534
Eile	10.8	10,764,828
Iomlán	52.4	52,415,440

Mór-Ghnéithe - Ioncam	2010 (€m)	Neamh-Shlánaithe (€)
Deontais	49.0	49,005,212
Íasachtaí Neamh-Mhorgáiste	0.3	283,217
Eile	7.1	7,093,485
Iomlán	56.4	56,381,914

Onóir Chuimhneacháin Phoiblí - Garda Robert Mccallion

Thug Comhairle Contae Dhún na nGall onóir don Gharda Robbie Mc Callion, nach maireann, ag ócáid speisialta phoiblí i Leifear ar an 28 Meitheamh 2010. Fuair Garda Mc Callion bás i ndiaidh do charr é a bhualadh agus é ar dualgas i gCúirt na Teamhrach taobh amuigh de Leitir Ceanainn i mí Aibreáin 2009. Ba é an Méara Bréanainn Ó Beirne a bhronn an onóir iarbháis ar Bob McCallion, athair Robert, thar ceann mhuintir Dhún na nGall.

Tá Garda McCallion, nach maireann, ar an chéad duine a bhfuil Cuimhneachán Cathartha faighte aige i nDún na nGall.

Bhí teaghlach iomlán McCallion i láthair ag an searmanas - Bob agus a mháthair Nancy, a dheartháir John, a dheirfiúracha Deirdre agus Noreen, agus a chailínchara Maria O'Donnell.

Ag freastal ar an ócáid fosta bhí Coimisinéir na nGardaí Fachtna Murphy, An Coimisinéir Cúnta Ciaran Kenny, baill den fhórsa ó Mhaigh Eo agus ó Dhún na nGall chomh maith le baill de na seirbhísí Dóiteáin agus Otharcharranna.

Dúirt a dheartháir John, ar ball den Gharda é féin, nach raibh an bhliain a chuaigh thart furasta ná éasca ar na daoine a raibh aithne acu ar Robert. "Cailliúint mhór atá ann don teaghlach s'againne, agus ní bheidh aon duine ná aon rud in ann an chailliúint seo a chúiteamh linn". Dúirt sé gur cuidiú mór don

teaghlach é an tacaíocht a léiríodh dóibh i nDún na nGall.

Dúirt Coimisinéir na nGardaí Fachtna Murphy gur de theaghlach bródúil traidisiúnta Garda Síochána é Robert agus gur lean sé le slí bheatha a athar, a bheirt uncailí agus a dheartháir John. Dúirt sé gur cailliúint mhór ar fad é bás Robert.

Dúirt an Méara, an Comhairleoir Bréanainn Ó Beirne gur bhain bás Robert geit as muintir an chontae, agus gur ábhar bróin dóibh an chailliúint agus an phian atá ann ina éagmais. "Tá sé de dhualgas orainn ómós a thabhairt dóibh siúd a chaill a mbeatha agus iad i mbun dlí agus ord a chosaint laistigh den chontae seo againne".

Dúirt an Bainisteoir Contae, Mícheál Mac Giolla Uain, mar fhostaí sa tseirbhís phoiblí, gur thuig Garda McCallion coincheap na seirbhíse poiblí agus leas an phobail. "Fuair sé bás de dheasca na hoibre a bhí á déanamh aige chun saoránaigh na tíre seo a chosaint agus chun fónamh dóibh." ar seisean.

Is é atá sa ghradam ómóis ná macasamhail airgid de shuaitheantas an chontae, déanta ag an dearthóir gabh óir as Leitir Ceanainn Geraldine Hannigan agus é curtha ar chúltra deartha ag Fionntán Gogarty.



Coistí 2010

Corporate Policy Group

An Grúpa um Pholasáí Corparáideach

An Clr. Ciaran Brogan

An Clr. Deasún Ó Lorcáin

An Clr. Pádraig Mac Lochlainn

An Clr. Nollaig Mac Giolla Bhríde

An Clr. Thomas Pringle

Ar an Ghrúpa um Bheartas Corparáideach bíonn Méara an lae agus na Cathaoirligh ar na 5 Choiste um Bheartas Straitéiseach

10 Meetings/10 gCruinniú

Donegal Electoral Area Committee

Coiste Thoghcheantar Bhaile Dhún na nGall

An Clr. Seán Ó Baoill

An Clr. Bréanainn Ó Beirne

An Clr. Sean McEniff

An Clr. Barry O' Neill

An Clr. Thomas Pringle

7 Meetings/7 gCruinniú

Glenties Electoral Area Committee

Coiste Thoghcheantar na nGleanntach

An Clr. Daithí Alcorn

An Clr. Pádraig Ó Dochartaigh

An Clr. Marie T. Gallagher

An Clr. Séamus Ó Domhnaill,

An Clr. Terence Slowey

6 Meetings/6 Chruinniú

Inishowen Electoral Area Committee

Coiste Thoghcheantar Inis Eoghain

An Clr. Mícheál Ó Dochartaigh

An Clr. Rena Donaghey

An Clr. Máirtín Ó Fearáin

An Clr. Pádraig Mac Lochlainn

An Clr. Charlie Mc Conalogue

An Clr. Bernard McGuinness

An Clr. John Ryan

6 Meetings/6 Chruinniú

Letterkenny Electoral Area Committee

Coiste Thoghcheantar Leitir Ceanainn

An Clr. Liam Ó Bléanaigh

An Clr. Ciaran Brogan

An Clr. Séamus Ó hAirt

An Clr. Deasún Ó Lorcáin

An Clr. Nollaig Mac Giolla Bhríde

An Clr. Ian Mc Garvey

An Clr. Mícheál Ó Coinn

6 Meetings/6 Chruinniú

Stranorlar Electoral Area Committee

Coiste Thoghcheantar Shraith an Urláir

An Clr. Gerry Crawford

An Clr. Martin Harley

An Clr. Cora Harvey

An Clr. Proinsias Mac Briartaigh

An Clr. Patrick McGowan

5 Meetings/5 Chruinniú

Donegal Local Traveller Accommodation

Consultative Committee

Coiste Comhairleach Dhún na nGall um

Chóiríocht don Lucht Siúil

An Clr. Ciaran Brogan

An Clr. Tháinig Proinsias Mac Briartaigh i gcomharbacht ar an Clr. Martin Farren 06/12/10

An Clr. Séamus Ó hAirt

An Clr. Cora Harvey

An Clr. Deasún Ó Lorcáin

An Clr. Barry O' Neill

Stiúrthóir Tithíochta agus Foirgníochta

An tUas. Patrick Mc Laughlin, Bainisteoir Rannóige

An tUas. Fergus Mc Ateer, Oifigeach Teagmhála Lucht Siúil

Ionadaithe Lucht Siúil

An tUas. Siobhan Mc Laughlin, Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall

An tUas.. Paula Leonard, Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall

An tUas.. Hughie Friel, Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall

4 Meetings/4 Chruinniú

County Committee for Rural Water Monitoring

An Coiste Contae do Mhonatóireacht Uisce Tuaithe

An Clr. Rena Donaghey

An Clr. Ciaran Brogan

An Clr. Proinsias Mac Briartaigh

An Clr. Mícheál Ó Dochartaigh

*Representatives – Group Water Schemes
Ionadaithe – Grúpscéimeanna Uisce*

Mairead Diggins, Tulaigh Dois GSU Uimh. 1
Joe Brannigan, GSU Abhainn tSeiscinne
Liam Mc Dermott GSU na dTrí Ghleann

*Representatives – Rural Organisations
Ionadaithe – Eagraíochtaí Tuaithe*

George O’ Hagan, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
James O’ Donnell, Cumann Soláthraithe Baine Uachtarlainne na hÉireann

4 Meetings/4 Chruinniú

Coiste Na Gaeilge

An Clr. Daithí Alcorn
An Clr. Bréanainn Ó Beirne
An Clr. Máire T Ní Ghallchóir
An Clr. Séamus Ó Domhnaill,
An Clr Charlie Mc Conalogue
An Clr. Pádraig Ó Dochartaigh
An Clr. Thomas Pringle
An Clr. Seán Ó Baoill
An Clr. Mícheál Ó Coinn

3 Meetings/3 Chruinniú

Audit Committee

An Coiste Iniúchóireachta

An Clr. Tháinig Séamus Ó Domhnaill i gcomharbacht ar an Uas. Francis Conaghan, 26/04/10
An tUas. Éanna Mac Cnámhsí, Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath.

Ainmnithigh an Bhainisteora Chontae

An tUas. Ian Ireland
An tUas. Donal Mc Laughlin
An tUas. John Andy Bonar
5 Meetings/5 Chruinniú

**Donegal Joint Policing Committee
Comhchoiste Póilíneachta Dhún na nGall
Inishowen Electoral Area/Toghcheantar Inish Eoghain**

An Clr. Bernard Mc Guinness
An Clr. Mícheál Ó Dochartaigh
An Clr. Charlie Mc Conalogue)

Donegal Electoral Area/Toghcheantar Dhún na nGall

An Clr. Sean Mc Eniff
An Clr. Thomas Pringle)

Stranorlar Electoral Area/Toghcheantar Shrath an Urláir

An Clr. Proinsias Mac Briartaigh
An Clr. Pádraig Mac Gabhann
An Clr. Gerry Crawford

Letterkenny Electoral Area/Toghcheantar Leitir Ceanainn

An Clr. Liam Ó Bléanaigh
An Clr. Nollaig Mac Giolla Bhríde
An Clr. Mícheál Ó Coinn

Glenties Electoral Area/Toghcheantar na nGleanntach

An Clr. Daithí Alcorn
An Clr. Séamus Ó Domhnaill,
An Clr. Máire T Ní Ghallchóir

Mayor as Ex-Officio Member/Méara ina Chomhalta de bhrí Oifige

2 Meetings/2 Chruinniú

Islands Committee

Coiste na nOileán

Gach ball de Thoghcheantar na nGleanntach
Gach ball de Thoghcheantar Leitir Ceanainn
Ionadaithe i ról comhairleach:
An tUas.. Diarmuid Ó Mordha (Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta)
An tUas. Marie Ni Fhearraigh (Comhairle na nOileán)

Uaigh

William Boyle, Baile an Droichid, An Bun Beag

Inis Mhic an Doirn

Michael Boyle, Leac Eidhneach, Ailt an Chorráin

Inis Caorach

Hughie Gallagher, An Reannaigh Dhubh, An Clochán Liath 086 3011182

Oileán an Bhráighe

Máire Uí Dhochartaigh, Cathaoirleach

Grúpa Oileán an Bhráighe, An Mhaoil Rua
Na Dúnaibh, Leitir Ceanainn

Gabhla

An tUas. Owenie McBride

An Choiteann Uachtarach, Doirí Beaga

Inis Bó Finne

John O'Brien, Coiste Forbartha Inis Bó Finne
Machaire Rabhartaigh

Gort a' Choirce

Leitir Ceanainn,

Toraigh

Bridget McGarvey, Bainisteoir

Oileán Thoraí, Doirí Beaga

Leitir Ceanainn

Árainn Mhór

Séamus Bonner, Comharchumann

Forbartha & Fostaíochta

Árainn Mhór

Inis Fraoigh

An tUas. Naul McCumhaill, Ailt a' Chorrain

Leitir Ceanainn

Árainn Mhór

Nóirín Uí Mhaoldomhnaigh

Bainisteoir, Comharchumann Oileán

Árainn Mhór Teo, Árainn Mhór

Inis Sionnaigh

An tUas. Séamus Mac Ruairí

1 Meeting/1 Chruinniú

Placenames Committee/Coiste Logainmneacha

Ainmnithigh an Toghcheantair

Dún na nGall

An Clr Thomas Pringle/An Clr Barry O' Neill *

Na Gleannta

An Clr. Séamus Ó Domhnaill

Inis Eoghain

An Clr. Mícheál Ó Dochartaigh

Leitir Ceanainn

An Clr. Deasún ÓLorcáin

Srath an Urláir

An Clr. Martin Harley

*sealaíocht ar an phost Meitheamh 2010

Comhairlí Baile

Comhairle Baile Leitir Ceanainn

An Clr. Jim Lynch

Comhairle Baile Bhun Cranncha

An Clr. Joseph Doherty

Comhairle Baile Bhun Dobhráin

An Clr. Philip Mc Glynn

Comhairle Baile Bhéal Átha Seanaidh

An Clr. Florence Doherty

Saineolaithe Logainmneacha

Mary Conlon – Cumann Staire Thír Chonaill

Vincent O'Donnell – Cumann Staire Dhún na nGall

Niall Mac Fhionnghaile – Cumann Oidhreacht
Dhún na nGall

Ionadaithe ó Ghníomhaireachtaí Reachtúla: - (i ról comhairleach)

An Post

Paul Herrity

F.S.S (Seirbhís Otharcharranna)

Pauric Sheerin

An Garda Síochána

An Sáirsint Sarah Hargadon

Comhlachas Ailtirí Éireann

John Masterson

Ionadaí Pobail

Séamus Mac Brearty

An Roinn Gnóthai Pobail,

Tuaithe agus Gaeltachta Diarmad Ó Mórdha

1 Meeting/1 Chruinniú

An Coiste Cultúrtha

Toghcheantar Inis Eoghain Ainmnitheach

An Clr. Mícheál Ó Dochartaigh

An Clr. Rena Donaghey

Rosemary Dunne,
Bun Cranncha

An Clr. Martin Farren

An Dr. Don McGinley,
Bun an Phobail

An Clr Pádraig MacLochlainn

An Clr. Charlie McConalogue

An Clr. Joe Doherty,
CB Bhun Cranncha

An Clr. Bernard McGuinness

An Clr. John Ryan

Una Sheridan, Bun
Cranncha

Toghcheantar Dhún na nGall

An Clr. Seán Ó Baoill

An Clr. Brendan Byrne James McBrearty,
An Charraig

An Clr. Sean McEniff Harry Jordan,
Bun Dobhráin

An Clr. Barry O'Neill

An Clr. Thomas Pringle Sean O'Beirne,
Cill Charthaigh

Toghcheantar na nGleanntach

An Clr. Daithí Alcorn Naul McCole,
Ailt an Chorráin

An Clr. Pádraig Ó Dochartaigh Joe McFadden,
Mín Lárach

An Clr. Máire Treasa Ní Ghallchóir

An Clr. Séamus Ó Domhnaill Vincent Breslin,
Machaire Chlochair

An Clr. Terence Slowey Nora Breslin,
Na Gleannta

Toghcheantar Leitir Ceanainn

An Clr. Liam Blaney John McConigley,
Baile Láir

An Clr. Ciaran Brogan Ann McGowan,
An Droim Mór

An Clr. Jimmy Harte Peadar McDaid,
Leitir Ceanainn

An Clr. Deasún Ó Lorcáin Brian Gallagher,
Leitir Ceanainn

An Clr. Nollaig Mac Giolla Bhríde

An Clr. Ian McGarvey

An Clr. Mícheál Ó Coinn

Toghcheantar Shrath an Urláir

An Clr. Gerry Crawford Belinda Mehaffey,
Leifear

An Clr. Martin Harley

An Clr. Cora Harvey

An Clr. Frank McBrearty Lisa Finn,
Bealach Féich

An Clr. Patrick McGowan Conor Malone,
Bealach Féich

2 Meetings/2 Chruinniú

Representation on External Bodies 2010

Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Seachtracha 2010

Vocational Education Committee

Coiste Gairmoideachais

An Clr. Daithí Alcorn

An Clr. Bréanainn Ó Beirne

An Clr. Pádraig Ó Dochartaigh

An Clr. Máirtín Ó Fearáin

An Clr. Cora Harvey

An Clr. Deasún Ó Lorcáin

An Clr. Charlie Mc Conalogue

An Clr. Ian Mc Garvey

An Clr. Barry O' Neill

In. Mary Ellen Orpen

In. Marietta Herraghty

An tUas. Peter Cutliffe

An tUas. Oliver Mc Devitt

Regional Health Forum

Fóram Réigiúnach Sláinte

An Clr. Ciaran Brogan

An Clr. Liam Ó Bléine

An Clr. Séamus Ó hAirt

An Clr. Proinsias Mac Briartaigh

An Clr. Bernard Mc Guinness

Border Regional Authority

Údarás Réigiúnach na Teorann

An Clr. Seán Ó Baoill

An Clr. Gerry Crawford

An Clr. Rena Donaghey

An Clr. Máire Treasa Ní Ghallchóir

An Clr. Séamus Ó Domhnaill,

An Clr. Charlie Mc Conalogue

An Clr. Terence Slowey

Operational Committee of the Border Regional Authority

Coiste Feidhme Údarás Réigiúnach na Teorann

An Clr. Charlie Mc Conalogue

Méara ag an am

Representatives to BMW Regional Assembly
Ionadaithe ar Thionól Réigiúnach BMW

An Clr. Máire Treasa Ní Ghallchóir

An Clr. Charlie Mc Conalogue

An Clr. Terence Slowey

Donegal County Enterprise Board
Bord Fiontair an Chontae

An Clr. Ciaran Brogan

An Clr. Séamus Ó Domhnaill,

An Clr. John Ryan

Méara ag an am

County Development Board (SPC Chairs & Mayor)

Bord Forbartha an Chontae (Méara & Cathaoirligh SPC)

An Clr. Ciaran Brogan

An Clr. Deasún Ó Lorcáin

An Clr. Pádraig Mac Lochlainn

An Clr. Nollaig Mac Giolla Bhríde

An Clr. Thomas Pringle

Méara ag an am

Representatives to County Enterprise Fund
Ionadaithe ar Chiste Fiontair an Chontae

An tUas. Éanna Mac Cnáimhsí

In. Marian Mc Donald

Association of County and City Councils
Cumann na gComhairlí Contae agus Cathrach

An Clr. Liam Ó Bléanaigh

An Clr. Pádraig Ó Dochartaigh

An Clr. Pádraig Mac Gabhann

LAMA Delegate
Ionadaí LAMA

An Clr. Daithí Alcorn

Inishowen Development Partnership Company
Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain

An Clr. Mícheál Ó Dochartaigh

An Clr. Rena Donaghey

An Clr. Máirtín Ó Fearáin

Donegal Local Development Company
Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall

Cllr Martin Harley

Cllr. Sean Mc Eniff

An Clr. Pádraig Mac Gabhann

Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teo

An Clr. Séamus Ó Domhnaill

North West River Basin Advisory Committee
Coiste Comhairleach na hÁbhantraí Thuaidh Thiar

An Clr. Pádraig Mac Gabhann

An Clr. Deasún Ó Lorcáin

ERNACT

An Clr. Rena Donaghey

An Clr. Máirtín Ó Fearáin

Irish Public Bodies Mutual Insurances Ltd.
Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo.

An Clr. Sean Mc Eniff

North West Region Cross Border Group Ltd
Grúpa Trasteorann Réigiún an Iarthuaiscirt Teo.

An Clr. Pádraig Mac Lochlainn

An Clr. Pádraig Mac Gabhann

An Clr. Bernard Mc Guinness a tháinig i gcomharbacht ar an Clr. Cora Harvey 26/07/10

An Clr. Charlie Mac Conalogue

Tháinig an Clr. John Ryan i gcomharbacht ar an Clr. Frank Mc Brearty 26/07/10

An Clr. Máirtín Ó Fearáin

Irish Central Border Area Network Ltd (ICBAN)
Gréasán Lár-Cheantar Teorann na hÉireann Teo.

An Clr. Daithí Alcorn

An Clr. Bréanainn Ó Beirne

Donegal Local Sports Partnership
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Dhún na nGall

An Clr. Liam Ó Bléine

An Clr. Deasún Ó Lorcáin

An Clr. Proinsias Mac Briartaigh

An Clr. Séamus Ó Domhnaill,

Donegal Peace 111 Partnership Board
Bord Comhpháirtíochta Síocháin 111 Dhún na nGall

An Clr. Ciaran Brogan

An Clr. Deasún Ó Lorcáin

Tháinig An Clr. Thomas Pringle i gcomharbacht ar an Clr. Pádraig Mac Lochlainn 26/04/10

Assembly of European Regions (AER)
Tionól na Réigiún Eorpach

Ionadaí faoi láthair

An Clr. Pádraig Mac Lochlainn

Fo-ionadaí faoi láthair

An Clr. Deasún Ó Lorcáin

Representative and Substitute to Conference of Peripheral Maritime Regions (C.P.M.R.)

Ionadaí agus Fo-ionadaí ar Chomhdháil na Réigiún Imeachall Mara

Ionadaí faoi láthair

An Clr. Bréanainn Ó Beirne

Fo-ionadaí faoi láthair

An Clr. Liam Ó Bléanaigh

L.A.T.C.H. Ltd

An Clr. Gerry Crawford

An Clr. Cora Harvey

An Clr. Pádraig Mac Gabhann

Colmcille Heritage Trust

Iontaobhas Oidhreachta Cholm Cille

An tUas. Joseph Ó Gallchóir, Príomhshráid, Leitir Ceanainn

An tUas. Barry Mc Daid, Gleann Caorach, An Muileann Úr, Leitir Ceanainn

An tUas. Barry Mc Daid, Gleann Caorach, An Muileann Úr, Leitir Ceanainn

An Clr. Mícheál Ó Coinn, Druim Cabhánaidh, Na Tréantacha, Leitir Ceanainn.

An tUas. Séamus Mac Ruairí, "Ard na Mara", Anagaire, Leitir Ceanainn

Erne Enterprise Development Company
Comhlacht Forbartha Fiontraíochta na hÉirne

An Clr. Brendan Gallagher, Comhairle Baile Bhéal Átha Seanaidh

Lifford Development Limited
Forbairt Leifir Teoranta

An Clr. Gerry Crawford

An tUas. Charlie Friel, Ros Géar, Leifear.

Lifford/Clonleigh Resource Centre
Ionad Acmhainne Leifir/Chluain Lao

In. Mary Mc Gavigan, Arda an Chrucháin, Leifear

In. Mary Mc Intyre, Arda an Chruacháin, Leifear

City of Derry Airport Committee
Coiste Aerfort Dhoire

An Clr. Seán Ó Baoill

An Clr. Rena Donaghey

An Clr. Charlie Mc Conalogue

Board of Fort Dunree Military Museum
Bord Mhúsaem Míleata an Dúin Riabhaigh

An Clr. Seán Ó Baoill

An Clr. Rena Donaghey

An Clr. Charlie Mc Conalogue

Earagail Arts Festival Management Company Ltd.
Comhlacht Bainistíochta Fhéile Ealaíon an Earagail Teo.

An Clr. Liam Ó Bléanaigh

An Clr. Deasún Ó Lorcáin

An Clr. Séamus Ó Domhnaill

Letterkenny Theatre Management Company Ltd.
Comhlacht Bainistíochta Amharclainne Leitir Ceanainn Teo.

An tUas. Bernard McGlinchey

An tUas. Terry Mc Eniff

Management Committee of Ballyshannon Leisure Centre
Coiste Bainistíochta Ionad Fóillíochta Bhéal Átha Seanaidh

An Clr. Billy Grimes, Comhairle Baile Bhéal Átha Seanaidh

An Clr. Sean Mc Eniff

Donegal Ancestry Centre
Ionad Sinsearachta Dhún na nGall

An Clr. Liam Ó Bléanaigh

An Clr. Nollaig Mac Giolla Bhríde

Gartan Outdoor Pursuit Centre
Ionad Eachtraíochta an Ghartáin

An Clr. Séamus Ó Domhnaill,
An Clr. Mícheál Ó Coinn

Disability Strategy Group
Grúpa Straitéise Míchumais

An Clr. Rena Donaghey

Strabane Lifford Development Commission
Coimisiún Forbraíochta an tSraitha Báin/Leifir

An Clr. Gerry Crawford

Cross Border Rail Group
An Grúpa um Iarnród Trasteorann

An Clr. Pádraig Mac Lochlainn
An Clr. Pádraig Mac Gabhann

Strengthening Families Programme Advisory Board NW Alcohol Forum
Bord Comhairleach don Chlár chun Teaghlaigh a Neartú Fóram Alcóil an Iarthuaiscirt

An Clr. Cora Harvey

Finn Valley Leisure Centre Ltd.

An Clr. Cora Harvey
An Clr. Pádraig Mac Gabhann
An Clr. Proinsias Mac Briartaigh
An Clr. Martin Harley

Citizenship Project Community Awareness Programme Cross Border Stakeholder Group

An Clr. Cora Harvey
An Clr. Terence Slowey

Strabane/Lifford Riverine Project Steering Group

An Clr. Gerry Crawford
An Clr. Proinsias Mac Briartaigh

Summary Of Meetings	
Líon na gcruinnithe (cruinnithe ar athló san áireamh)	16
Annual General Meeting/Cruinniú Cinn Bhliana	1
Cruinniú Buiséid	1
Special Meetings/Cruinnithe Speisialta	5

Conferences

Comhdhála

Comhdhála T.J.K., Seimineár Pleanála, Luimneach

29 - 30 Eanáir 2010

Líon ag freastal (2)

Údarás Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Comhdháil Timpeallachta, Luimneach

4 - 5 Feabhra 2010

Líon ag freastal (2)

AMAI, Comhdháil ar an Aisghabháil Náisiúnta, Sligeach

12 - 13 Feabhra 2010

Líon ag freastal (1)

Scoil Gheimhridh Cholm Cille, Seimineár ar an Chúlú Eacnamaíochta, Gartán, Dún na nGall

26 Feabhra - 28 Feabhra 2010

Líon ag freastal (4)

ACCC, Comhdháil ar Phobail Tuaithe, Tiobraid Árann

4 - 5 Márta 2010

Líon ag freastal (3)

Bailte s'againne: Comhdháil Físe 20:20, Bré

5 - 6 Márta 2010

Líon ag freastal (3)

Seirbhísí Tógála Ashford, Seimineár Tithíochta, Cill Airne

18 - 20 Márta 2010

Líon ag freastal (1)

Kadenza, Seimineár Aeráide, Leitir Ceanainn

26 - 28 Márta 2010

Líon ag freastal (1)

Comhdháil Aeráide LAMA, Sligeach

9 - 10 Aibreán 2010

Líon ag freastal (5)

Údarás Réigiún na Teorann, Comhdháil ar Fhás agus ar Phostanna, An Cabhán

16 Aibreán 2010

Líon ag freastal (2)

Seimineár ar Esperanza, Baincéireacht, Árachas agus NAMA, Trá Lí

16 - 18 Aibreán 2010

Líon ag freastal (1)

Seimineár Esperanza an GCC, Páirc na Sceach, Gaillimh

23 - 25 Aibreán 2010

Líon ag freastal (5)

Comhdháil Iompair BMF, Baile Átha Cliath

29th April 2010

Líon ag freastal (2)

Seimineár TJK ar Chlúmhilleadh, Luimneach

28 - 29 Bealtaine 2010

Líon ag freastal (4)

Seirbhísí Tógála Ashford, Seimineár ar Fhuinneamh Gaoithe & Gréine, Biorra

25 - 27 Meitheamh 2010

Líon ag freastal (2)

Scoil Samhraidh Byrne Perry, Guaire

25 - 27 Meitheamh 2010

Líon ag freastal (1)

Seimineár Ardoiliúna ar Bhóithre agus Iompar, An Sciobairín

9 - 11 Iúil

Líon ag freastal (1)

Seimineár Tithíochta Esperanza, Má Nuad

16 - 18 Iúil

Líon ag freastal (2)

Scoil Samhraidh Mhig Goill, Na Gleannta

18 - 24 Iúil 2010

Líon ag freastal (1)

Scoil Samhraidh Parnell, Ráth Droma

8 - 13 Lúnasa 2010

Líon ag freastal (3)

AMAI, Comhdháil Rialtais Áitiúil, Bun Cranncha

9 - 11 Meán Fómhair 2010

Líon ag freastal (11)

Respond, Seimineár ar Iompar Frithshóisialta, Port Laoise

15 Meán Fómhair 2010

Líon ag freastal (1)

Seimineár Kadenza an Ghrúpa um Éifeachtúlacht Rialtais Áitiúil, Loch Garman

1-3 Deireadh Fómhair 2010

Líon ag freastal (1)

Seimineár Geimhridh LAMA, Lios Tuathail

8 - 9 Deireadh Fómhair 2010

Líon ag freastal (8)

Seimineár Pleanála Esperanza, Ros Comáin

15 - 17 Deireadh Fómhair 2010

Líon ag freastal (5)

Seimineár Fuinnimh Esperanza, Má Nuad

22 - 24 Deireadh Fómhair 2010

Líon ag freastal (5)

Seimineár SMG ar Fhaoiseamh Tuile, Dún Laoghaire

28 Deireadh Fómhair 2010

Líon ag freastal (1)

Seimineár Esperanza ar Radón, Trá Lí

12 - 14 Samhain 2010

Líon ag freastal (2)

Seimineár Respond ar an Tithíocht, Tamhlacht

16th Nov 2010

Líon ag freastal (1)

**Seimineár Esperanza ar an Dífhostaíochta,
Cathair na Mart**

19 - 21 Samhain 2010

Líon ag freastal (1)

**Seimineár Esperanza ar Rialacháin Foirgníochta,
Trá Lí**

17 - 19 Nollaig 2010

Líon ag freastal (3)

Foreign Travel

Taisteal Thar Lear

